An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán: 0028/2023**

**Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc Scoileanna Dara Leibhéal, Scoileanna Speisialta agus Príomhoifigigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

**Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt ar leith don scoilbhliain 2023/24.**

## Contents


1. Intreoir ..... 3
   1.1 Cuspóir an chiorcláin seo ..... 3
   1.2 Príomh nuashonraithe don scoilbhliain 2023/2024 ..... 3
   1.3 Athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí ..... 4
2. Socruithe curaclaim don tSraith Shóisearach ..... 5
   2.1 Socruithe curaclaim agus amchláir don tSraith Shóisearach ..... 5
   2.2 Ábhair, Gearrchúrsaí agus Aonaid Tacaíochta Foghlama ..... 5
   2.3 Sonraíochtaí Ábhar, Siollabais agus Treoirlínte Faofa ..... 6
   2.4 An líon Ábhar agus Gearrchúrsaí a ndéanfaidh scoláirí staidéar orthu. ..... 6
   2.5 Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 ..... 10
   2.6 Folláine ..... 11
   2.7 Socruithe amchláir ..... 13
   2.8 Ábhair a ndéantar staidéar orthu lasmuigh de shuíomh scoile aitheanta ..... 14
   2.9 Scoláirí a fhaigheann scolaíocht ón mbaile ..... 15
   2.10 Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh ..... 15
3. Measúnú agus tuairisciú sa tSraith Shóisearach ..... 15
   3.1 Socruithe measúnaithe do na hábhair ..... 15
   3.2 Socruithe measúnaithe le haghaidh CFL1anna agus CFL2anna ..... 16
   3.3 Eolas Ginearálta ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) ..... 17
   3.4 Socruithe do MRBanna i ngearrchúrsaí ..... 18
   3.5 Socruithe do MRBanna 2023/2024 ..... 18
   3.6 Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhar (AFMÁ) ..... 19
   3.7 Socruithe maidir le Tascanna Measúnaithe do scoláirí na tríú bliana 2023/2024 ..... 20

3.8 Scrúdú deiridh do scoláirí tríú bliana 2023/2024 .... 20
3.9 Tuairisciú ar ghnóthachtáil scoláirí .... 21
3.10 Socruithe teicniúla do scoileanna .... 23
3.11 Foghlaimeoirí lánfhásta i suíomhanna oideachais d'aosaigh .... 25
4. Acmhainní agus Tacaíochtaí .... 26
4.1 Féinmheastóireacht Scoile agus an tSraith Shóisearach .... 26
4.2 Oide agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí .... 26
4.3 Am Gairmiúil .... 29
4.4 Acmhainní do chomhordú Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhar .... 31
4.5 Acmhainní Bainistíochta .... 31
5. Faisnéis Bhreise .... 33
5.1 Rialacha agus Clár .... 33
5.2 Rochtain ar Fhaisnéis .... 33
Aguisín 1 – Cáipéisíocht Ghaolmhar .... 35
Aguisín 2: Leithdháileadh Pro Rata um Am Gairmiúil ar Mhúinteoirí Páirtaimseartha .... 37
Aguisín 3: Roghanna chun cruinnithe AFMÁ a eagrú .... 38
Aguisín 4: Tuairisciú ar Réimsí Foghlama Folláine .... 40

**Ní mór an litir chiorcláin seo a léamh in éineacht leis an gCreat don tSraith Shóisearach 2015, agus sonraíochtaí ábhair agus treoirlínte measúnaithe na Sraithe Sóisearaí, treoirlínte CFL1 agus CFL2 agus sonraíochtaí Gearrchúrsaí.**

# 1. Intreoir

## 1.1 Cuspóir an chiorcláin seo

Tagann an ciorclán seo isteach in áit Nóta Faisnéise 11/2022 agus Ciorclán 59/2021. Leagtar amach ann na socruithe lena rialófar anois cur chun feidhme an *Chreat don tSraith Shóisearach 2015* le tagairt faoi leith don scoilbhliain 2023/2024.

Iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta, ar Phríomhoidí na scoileanna dara leibhéal agus na scoileanna speisialta ar fad agus ar Phríomhfheidhmeannach gach Bord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) a chinntiú go ndírítear láithreach aird na múinteoirí ar fad ar an gCiorclán seo. Iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta freisin a chinntiú go gcuirtear tuismitheoirí/ caomhnóirí agus scoláirí ar an eolas faoi na gnéithe ábhartha den chiorclán seo.

## 1.2 Príomh nuashonraithe don scoilbhliain 2023/2024

- Tá cinneadh déanta go gcoimeádfar na mionathruithe a rinneadh ar shocruithe measúnaithe don bhliain acadúil 2022/2023 ar feadh bliana amháin eile. Mar thoradh ar na mionathruithe measúnaithe seo, beidh ar scoláirí a bheidh sa tríú bliain sa scoilbhliain 2023/2024 Measúnú Rangbhunaithe amháin ar a laghad a dhéanamh seachas an dá cheann a bhíonn le déanamh de ghnáth. Tá sonraí breise ar fáil i gcuid 3.5.

- Ciallaíonn sé seo freisin nach mbeidh ar dhaltaí sa tríú bliain sa scoilbhliain 2023/24 Tascanna Measúnaithe (TManna) a dhéanamh sna hábhair ábhartha.

- Tabharfar isteach i ngach scoil an tsonraíocht OSPS nua-athfhorbartha do scoláirí a bheidh ag dul isteach sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach sa bhliain acadúil 2023/2024. Tá sonraí breise ar fáil i gcuid 2.4 den doiciméad seo.

- Tabharfar isteach i ngach scoil an tsonraíocht Corpoideachais 135 uair an chloig nuafhorbartha do scoláirí a bheidh ag dul isteach sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach sa bhliain acadúil 2023/2024. Tá sonraí breise leagtha amach i gcuid 2.4 den doiciméad seo.

- Tabharfar isteach i ngach scoil an gearrchúrsa Staire nuafhorbartha (Leibhéal 2) do scoláirí a bheidh ag dul isteach sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach sa bhliain acadúil 2023/2024. Tá an tsonraíocht ghearrchúrsa seo deartha do scoláirí a bhfuil Cláir Foghlama Leibhéal 2 á dhéanamh acu. Tá sonraí breise leagtha amach i gcuid 2.4 den doiciméad seo.

- Meabhraítear do scoileanna faoi Chiorclán 15/2023 maidir le Gaeilge a eisíodh i mí Márta 2023. Fógraíodh ann leasuithe ar théacsanna liteartha atá leagtha amach agus ar shocruithe do Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) 1 agus 2. D'eascair na hathruithe as athbhreithniú luath-achtú ar athbhreithniú na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar na sonraíochtaí don tSraith Shóisearach Gaeilge (T1 agus T2). Tabhair faoi deara go raibh easnamh san aguisín leis an doiciméad bunaidh a postáladh ar líne an 6 Márta 2023, a ceartaíodh ar 10 Márta 2023. Dá réir sin, moltar an doiciméad seo a íoslódáil arís. Tá nasc leis an gCiorclán seo ar fáil in Aguisín 1.

- Meabhraítear do scoileanna, agus a gclár Folláine á phleanáil acu, gur cuireadh deireadh ó Mheán Fómhair 2022 le húsáid siollabais an Teastais Shóisearaigh don OSPS agus don OSSP. Cuirfear deireadh ó Mheán Fómhair 2023 le húsáid shiollabas an Teastais Shóisearaigh don Chorpoideachas agus le gearrchúrsa 100 uair an chloig an CNCM don Chorpoideachas.

- Leanfar le soláthar uaireanta acmhainne bainistíochta don scoilbhliain 2023/2024. Tá tuilleadh eolais ar fáil i gcuid 4.5 den doiciméad seo.

- Níl sé inghlactha acmhainní nó ábhair atá á dtáirgeadh nó á maoiniú ag tionscal an alcóil a úsáid le haghaidh oideachais agus feasachta ar alcól i scoileanna, ná ní cóir do mhúinteoirí freastal, ina gcáil ghairmiúil, ar oiliúint ghaolmhar a d'fhéadfadh eagraíochtaí atá maoinithe ag tionscal an alcóil a chur ar fáil.

### 1.3 Athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí

Faoi láthair tá An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) i mbun athbhreithnithe luath-léirithe ar chur i bhfeidhm Amharc-ealaín agus Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí mar aon le hathbhreithnithe luath-léargais ar na gearrchúrsaí i Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha, i gCódú agus i dTeanga agus Cultúr na Sínise atá forbartha ag an CNCM. Tá an CNCM le tosú freisin ar athbhreithniú leantach ar Ghaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí mar aon le hathbhreithnithe luatha-léirithe ar chur i bhfeidhm Matamaitic, Ceol, Eacnamaíocht Bhaile, Stair agus Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí i mí Mheán Fómhair 2023.

Tá Ollscoil Luimnigh coimisiúnaithe ag an CNCM chun staidéar taighde a dhéanamh - *Iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar thionchar thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach in iar-bhunscoileanna*. D'fhoilsigh Ollscoil Luimnigh dhá thuarascáil eatramhacha, i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus i mí Aibreáin 2023. Leanfar leis an

taighde fadaimseartha seo, a thosaigh ag deireadh na bliana 2020, go dtí 2024. Tá nasc chuig an staidéar ar fáil in Aguisín 1.

## 2. Socruithe curaclaim don tSraith Shóisearach

### 2.1 Socruithe curaclaim agus amchláir don tSraith Shóisearach

Ní mór do gach scoil *Creat don tSraith Shóisearach 2015* a úsáid chun clár a phleanáil do gach ceann de thrí bliana na Sraithe Sóisearaí a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach sa Chreat agus sa chiorclán seo. Nuair a bhíonn pleanáil á déanamh do chlár na Sraithe Sóisearaí, éilítear ar gach scoil comhthéacs áitiúil na scoile a chur san áireamh, mar aon le cúlraí, réimsí spéise agus inniúlachtaí a scoláirí agus an plean a bheith ag teacht le sainspiorad na scoile.

Tá na sonraíochtaí ábhair, na gearrchúrsaí agus na hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) atá forbartha ag an CNCM saindeartha le bheith chomh huilíoch agus chomh huileghabhálach agus is féidir agus deiseanna foghlama fiúntacha agus luachmhara a sholáthar do scoláirí ó gach cúlra cultúrtha agus sóisialta agus ó raon leathan de chúinsí aonair.

Ba cheart do scoileanna a bheith feasach air sin nuair a bhíonn a gcláir don tSraith Shóisearach á bpleanáil acu ionas go gcinnteofar, a oiread agus is féidir, go bhfuil an réimse ábhar, gearrchúrsaí agus ATFanna ar leith oiriúnach do riachtanais agus d'inniúlachtaí gach scoláire, scoláirí le riachtanais oideachais speisialta san áireamh. D'ainneoin a bhfuil thuas, beidh roinnt scoláirí ann ar cinnte nach n-éireoidh leo torthaí foghlama a bhaint amach laistigh d'ábhair agus de shonraíochtaí gearrchúrsaí mar gheall ar riachtanais speisialta oideachais ar leith.

Do scoláirí a bheidh ag tosú sa chéad bhliain sa bhliain acadúil 2023/24, ba cheart go mbeadh an clár atá pleanáilte don tSraith Shóisearach ar fáil do scoláirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí a luaithe agus is féidir. Ba cheart an scoláire féin agus a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí a chur ar an eolas faoi indéantacht agus oiriúnacht na roghanna curaclaim atá ar fáil i bhfianaise inniúlacht an scoláire.

Agus ceannairí iar-bhunscoileanna ag pleanáil an chláir, ba chóir dóibh a bheith eolach freisin go gcoinneofar don bhliain 2023/2024 na leasuithe a rinneadh ar shocruithe measúnaithe i 2022/2023. Beidh mionsonraí breise ar fáil amach anseo.

### 2.2 Ábhair, Gearrchúrsaí agus Aonaid Tacaíochta Foghlama

Cinnteoidh scoileanna go mbeidh na 24 ráiteas foghlama sna cláir a thairgtear dá gcuid scoláirí sa tSraith Shóisearach. Tagann gach sonraíocht don tSraith Shóisearach le naisc

chuig na hocht bpríomhscil den tSraith Shóisearach. Tá na scileanna seo fréamhaithe sna torthaí foghlama freisin, atá leatha amach go soiléir sna hábhair, sonraíocht gearrchúrsaí agus ATFanna.

Tá foráil i *gCreat don tSraith Shóisearach 201*5 go ndéanfaidh scoláirí i scoileanna aitheanta staidéar ar

- Réimse d'ábhair

  **NÓ**
- Meascán d'ábhair agus de ghearrchúrsaí

  **NÓ**
- I gcás roinnt scoláirí aonair a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, meascán d'aonaid tosaíochta foghlama, agus/nó gearrchúrsaí agus/nó ábhair, atá oiriúnach dá riachtanais aonair

  **AGUS**
- Clár i réimse na Folláine.

### 2.3 Sonraíochtaí Ábhar, Siollabais agus Treoirlínte Faofa

Tá na sonraíochtaí ábhar agus measúnaithe a leagann amach na socruithe curaclaim agus measúnaithe do gach ábhar, gearrchúrsa, réimse foghlama agus ATFanna don tSraith Shóisearach atá faofa ag an Aire ar fáil ag https://www.curriculumonline.ie/Junior-Cycle agus is mar seo a leanas iad:

- Sonraíochtaí agus treoirlínte measúnaithe uile na Sraithe Sóisearaí;
- Sonraíochtaí ábhartha gearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí CNCM a roghnaigh an scoil (más infheidhme) lena gcur san áireamh ina gclár Sraithe Sóisearaí;
- Treoirlínte Chlár Foghlama Leibhéal 2 CNCM do Mhúinteoirí;
- Treoirlínte Chlár Foghlama Leibhéal 1 CNCM do Mhúinteoirí.
- Treoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí CNCM (2021);

**Tabhair Faoi Deara:** D'fhéadfadh scoileanna gearrchúrsaí atá forbartha ag an CNCM a chur san áireamh, nó a mhalairt de sin, gearrchúrsaí forbartha ag an scoil nó forbartha go seachtarach de réir teimpléid agus na treoirlínte leagtha amach ag an CNCM. Tá nasc chuig na treoirlínte seo ar fáil in Aguisín 1.

### 2.4 An líon Ábhar agus Gearrchúrsaí a ndéanfaidh scoláirí staidéar orthu.

Is iondúil go ndéanfaidh scoláirí staidéar ar íosmhéid de 8 agus uasmhéid de 10 n-ábhar (áirítear leis an uasmhéid de 10 n-ábhar aon ábhar a bhfuil an scoláire ag déanamh staidéar air lasmuigh de shuíomh scoile) don scrúdú, deiridh agus tuairisciú tríd an PGSS, an uimhir chinnte ag brath an bhfuil gearrchúrsaí á ndéanamh ag an scoláire

freisin. Níl sé mar aidhm ná mar rún go nglacfadh gearrchúrsaí ionad na n-ábhar atá ann cheana.

Is féidir staidéar a dhéanamh ar cheithre ghearrchúrsa ar a mhéad i gclár na Sraithe Sóisearaí, mar aon le gearrchúrsaí Folláine in OSPS, OSSP agus an tsonraíocht 135 uair an chloig don Chorpoideachas.

Níor cheart go mbeadh aon eisceachtaí ar an gceanglas thuas maidir leis an íosmhéid de 8 n-ábhar ach i gcás na scoláirí sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a fhéadfaidh líon níos ísle ábhar a dhéanamh, in éineacht, i roinnt cásanna, le cláir foghlama Leibhéal 2 **nó** Leibhéal 1.

Ní mór do gach scoláire Gaeilge, Béarla, Matamaitic agus Stair a áireamh ar na hábhair a ndéanann said staidéar orthu[1], mar aon le roinnt ábhar agus/nó gearrchúrsaí eile ina gclár Sraithe Sóisearaí. Tá breis sonraí i *gCiorclán 16/2020* maidir leis an stádas lárnach speisialta a tugadh don Stair laistigh de Chreat na Sraithe Sóisearaí. Tá naisc chuig an gciorclán seo ar fáil in Aguisín 1.

I ngach cineál scoile aitheanta dara leibhéal, do scoláirí a thosaigh ar an tSraith Shóisearach ó mhí Mheán Fómhair 2020 ar aghaidh, tá feidhm ag na ceanglais seo:

### Do scoláirí atá ag leanúint clár staidéir Léibhéal 3

| **Ábhair agus gearrchúrsaí** |
|---|
| Déanfaidh scoláirí:<br>• uasmhéid de 10[2] n-ábhar don scrúdú deiridh lena dtuairisciú tríd an PGSS, mar aon le réimsí foghlama Folláine san OSPS, OSSP, agus Corpoideachas.<br>**NÓ**<br>• staidéar ar 9 gcúrsa don scrúdú deiridh agus suas le dhá gearrchúrsa lena dtuairisciú tríd an PGSS, mar aon le réimsí foghlama Folláine san OSPS, OSSP, agus Corpoideachas.<br>**NÓ** |

[1] Féadfar scoláirí áirithe a dhíolmhú ó staidéar na Gaeilge de réir Chiorclán 55/2022 agus beidh díolmhú ag scoláirí a bhfuil CFL1anna á dhéanamh acu ó staidéar na Staire.
[2] Cuimsítear san uasmhéid de 10 n-ábhar, ábhair a ndéantar staidéar orthu lasmuigh de shuíomh aitheanta scoile. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach féidir le scoláirí a roghnaíonn staidéar a dhéanamh ar ábhar lasmuigh dá scoil na ceanglais don Mheasúnú Rang-bhunaithe agus don Tasc Measúnaithe i leith an ábhair sin a chur i gcrích.

| |
|---|
| • staidéar a dhéanamh ar suas le 8 n-ábhar don scrúdú deiridh agus suas le 4 ghearrchúrsa lena dtuairisciú trí PGSS, mar aon le réimsí foghlama Folláine san OSPS, OSSP, agus Corpoideachas. |
| **Folláine: Scoláirí atá ag tosú i mBliain 1 in 2023/2024** |
| Cuimseofar sa réimse foghlama seo an fhoghlaim a áirítear go traidisiúnta in OSSP, sa Chorpoideachas agus in OSPS. Meabhraítear do scoileanna go bhfuil tairseach *íosta* de 400 uair an chloig thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí le soláthar i leith na Folláine, lena n-áirítear Corpoideachas, OSPS agus OSSP. Caithfidh gach scoil iad seo a leanas a sholáthar:<br>• Corpoideachas: 135 uair an chloig dáilte thar an chéad, an dara agus an tríú bliain (agus **caithfear** iad a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana). **Caithfidh** scoláirí sonraíocht churaclaim 135 uair an chloig nuafhorbartha an CNCM a leanúint.<br>• OSPS: 100 uair an chloig dáilte thar an chéad, an dara agus an tríú bliain (agus **caithfear** iad a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana). **Caithfidh** scoláirí sonraíocht ghearrchúrsa nuafhorbartha an CNCM a leanúint.<br>• OSSP: 100 uair an chloig dáilte thar an chéad, an dara agus an tríú bliain (agus **caithfear** iad a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana). **Caithfidh** scoláirí sonraíocht ghearrchúrsa an CNCM a leanúint.<br><br>* Meabhraítear do scoileanna gur cuireadh deireadh le húsáid siollabais an Teastais Shóisearaigh don OSPS agus don OSSP ó Mheán Fómhair 2022 ar aghaidh. Ó Mheán Fómhair 2023, tiocfaidh deireadh le húsáid shiollabas an Teastais Shóisearaigh don Chorpoideachas agus le gearrchúrsa 100 uair an CNCM.<br><br>***Nóta:*** Féadfaidh scoileanna réimsí eile a áireamh ina soláthar don fholláine, mar a shonraítear i mír 2.6. |

| **Folláine: Scoláirí a thosaigh i mBliain 1 in 2022/2023** |
|---|
| Meabhraítear do scoileanna go bhfuil tairseach *íosta* de 400 uair an chloig thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí ar cheart a sholáthar i leith an Chorpoideachais, OSPS agus OSSP:<br>• Corpoideachas: 135 uair an chloig dáilte thar an chéad, an dara agus an tríú bliain (agus nach foláir iad a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana).<br>• OSPS: 100 uair an chloig dáilte thar an chéad, an dara agus an tríú bliain (agus nach foláir iad a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana).<br>• OSSP: 100 uair an chloig dáilte thar an chéad, an dara agus an tríú bliain agus nach foláir iad a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana). |

| |
|---|
| Seo iad na roghanna atá ar fáil: *<br>**Rogha 1:** Na sonraíochtaí do ghearrchúrsaí CNCM i gCorpoideachas, OSSP, OSPS CSPE (100 uair an chloig);<br>**Rogha 2:** Gearrchúrsaí saindeartha ag an scoil nó atá deartha go seachtrach i gCorpoideachas, OSSP, OSPS, (100 uair an chloig) ag baint úsáide as teimpléad CNCM agus *'Treoirlínte maidir le do ghearrchúrsa féin a fhorbairt'*, atá ar fáil in Aguisín 1;<br>**Rogha 3:** Cláir/modúil/aonaid eile le haghaidh Corpoideachas, OSSP, OSPS arna bhforbairt ag baint úsáide as Aguisín I de *Treoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí (2021),* atá ar fáil in Aguisín 1;<br>**Rogha 4:** Siollabas an Teastais Shóisearaigh don Chorpoideachas (2003) in éineacht Le meascán de na roghanna OSPS agus OSSP thuas.<br>***Nóta:*** Féadfaidh scoileanna réimsí eile a áireamh ina soláthar don fholláine, mar a shonraítear i mír 2.6.<br><br>* Nó meascán de na roghanna sin a fhad is go gcomhlíontar an íostairseach ama de 400 uair thar na trí bliana do Chorpoideachas, OSPS agus OSSP. |
| **Folláine: Scoláirí a thosaigh i mBliain 1 in 2021/2022** |
| Meabhraítear do scoileanna go bhfuil tairseach *íosta* de 300 uair an chloig thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí ar cheart a sholáthar i leith an Chorpoideachais, OSPS agus OSSP:<br>• Corpoideachas: 135 uair an chloig dáilte thar an chéad, an dara agus an tríú bliain (agus nach foláir iad a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana).<br>• OSPS: 70 uair an chloig dáilte thar an chéad, an dara agus an tríú bliain (agus nach foláir iad a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana).<br>• OSSP: 70 uair an chloig dáilte thar an chéad, an dara agus an tríú bliain agus nach foláir iad a sholáthar i ngach ceann de na trí bliana).<br><br>Seo iad na roghanna atá ar fáil: *<br>**Rogha 1:** Na sonraíochtaí do ghearrchúrsaí CNCM i gCorpoideachas, OSSP, OSPS CSPE (100 uair an chloig);<br>**Rogha 2:** Gearrchúrsaí saindeartha ag an scoil nó atá deartha go seachtrach i gCorpoideachas, OSSP, OSPS, (100 uair an chloig) ag baint úsáid as teimpléad CNCM agus *'Treoirlínte maidir le do ghearrchúrsa féin a fhorbairt'*, atá ar fáil in Aguisín 1;<br>**Rogha 3:** Cláir/modúil/aonaid eile le haghaidh Corpoideachas, OSSP, OSPS arna bhforbairt ag baint úsáide as Aguisín I de *Threoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí (2021),* atá ar fáil in Aguisín 1;<br>**Rogha 4:** Siollabas an Teastais Shóisearaigh don OSSP (1996), Siollabas an Teastais |

Shóisearaigh don OSSP (2000), siollabas an Chorpoideachais (2003).

***Nóta***: Féadfaidh scoileanna réimsí eile a chur san áireamh ina soláthar d'Fholláine, mar atá sonraithe i mír 2.6.

* Nó meascán de na roghanna sin a fhad is go gcomhlíontar an íostairseach ama de 300 uair thar na trí bliana do Chorpoideachas, OSPS agus OSSP.

**Réimsí foghlama eile**

- **Caithfidh** oideachas treorach a bheith mar chuid de chlár na Sraithe Sóisearaí. Is féidir treoir a chur ar fáil faoi na scáth-uaireanta folláine **NÓ** mar 'réimse eile foghlama.' Leanfaidh an tseirbhís tacaíochta do mhúinteoirí Oide ag cur forbairt ghairmiúil ar fáil do Threoir na Sraithe Sóisearaí sa bhliain acadúil 2023/24 agus ina dhiaidh sin. Is féidir leis an Treoirchomhairleoir nó le múinteoir eile treoir a sholáthar de réir phleanáil don Treoir Scoile Uile.
- Féadann scoláirí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí foghlama eile atá leagtha amach i gclár na scoile don tSraith Shóisearach. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha, tréadacha, eolaíochta, fiontraíochta, mar aon le gníomhaíochtaí eile ar féidir leo tacú leis an 24 ráiteas foghlama agus leis na 8 bpríomhscil, a bheith san áireamh.
- Cuirfidh roinnt scoileanna cúrsa san oideachas reiligiúnach a léiríonn a n-éiteas saintréitheach féin ar fáil do scoláirí mar chuid de chlár na Sraithe Sóisearaí.

Tabhair faoi deara an méid seo a leanas:

- Féadfaidh scoileanna leanúint de bheith ag tairiscint níos mó ná 10 n-ábhar dá gcuid scoláirí chéad bliana d'fhonn roghnú na n-ábhar a éascú. Nuair a théann scoláirí isteach sa dara bliain, áfach, ní mór cloí leis an uasmhéid de 10 n-ábhar, mar aon le tuairisciú tríd an PGSS.
- Tá an liosta d'ábhair fhéideartha ar fáil in Aguisín 1.

Tabharfaidh an Roinn Oideachais aitheantas do na scoláirí atá ag déanamh staidéir ar an gclár, faoi mar atá leagtha síos sna ceanglais thuas, chun críocha leithdháileadh na múinteoirí agus íocaíochtaí eile leis an scoil.

## 2.5 Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

### 2.5.1 Cláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1anna)

Tá CFL1anna saindeartha do scoláirí a bhfuil deacrachtaí/riachtanais foghlama acu sa **raon cumais meánach íseal agus géar agus trom** agus nach féidir leo dá dheasca sin rochtain a fháil ar na CFL2anna go léir nó ar chuid acu.

Tá Cláir Foghlama Leibhéal 1 (tagraíonn an téarma 'Leibhéal' d'ailíniú leathan leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) agus a bpríomhchuid churaclaim - Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) faofa ag an Aire agus ar fáil do scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2018.

Cuimsítear le CFL1anna sé ATFanna agus dhá ghearrchúrsa Leibhéal 1. Féadann roinnt scoláirí atá ag gabháil do Chlár Foghlama Leibhéal 1 tabhairt faoi líon beag ATFanna Leibhéal 2 (nó míreanna d'ATF) agus gearrchúrsaí freisin. Tá treoirlínte CFL1 ar fáil in Aguisín 1.

**Níltear** ag súil go mbeidh scoláirí atá ag tabhairt faoi CFL1 ag déanamh scrúduithe a ghabhann le Clár Foghlama Leibhéal 3.

### 2.5.2 Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna)

Tá CFL2anna deartha do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí/riachtanais ghinearálta foghlama acu **sa raon cumais íseal éadrom go hard measartha**, ina gcuireann deacrachtaí/riachtanais na scoláirí sin bac orthu roinnt nó gach ceann de na hábhair nó na gearrchúrsaí atá ar fáil ag Leibhéal 3 a dhéanamh toisc go n-aithnítear go bhfuil tacaíochtaí foghlama breise de dhíth orthu. Go hiondúil, baineann dalta nó dhó leas as CFL2 i scoil phríomhshrutha.

B'fhéidir go mbeadh ar chumas roinnt scoláirí tabhairt faoi scrúdú stáit Leibhéal 3 agus MRB freisin nó MRB san ábhar sin amháin nó gearrchúrsa Leibhéal 3. **Níl** na CFL2anna oiriúnach do scoláirí atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise ach amháin má tá deacrachtaí/riachtanais ghinearálta foghlama sa raon cumais íseal éadrom go hard measartha acu. Cuimsítear le CFL2anna cúig ATFanna agus dhá ghearrchúrsa Leibhéal 2. Tá treoirlínte do CFL2 ar fáil ag Aguisín 1.

## 2.6 Folláine

Trasnaíonn Folláine na trí bliana den tSraith Shóisearach agus tógann sé ar an obair shubstaintiúil atá ar siúl cheana féin sna scoileanna chun tacú le Folláine na scoláirí. Samhlaítear dá mhéad é tiomantas na scoile i leith an réimse foghlama seo gur mó tionchair a bheidh aige ar fholláine na scoláirí. Cuimseoidh sé deiseanna foghlama chun tuilleadh feabhais a chur ar fholláine fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta na scoláirí.

Ceanglaíodh ar scoileanna clár 400 uair an chloig Folláine a sholáthar do dhaltaí a thosaigh sa chéad bhliain ó Mheán Fómhair 2022 ar aghaidh.
Is é an aidhm atá le *Treoirlínte CNCM maidir le Folláine sa tSraith Shóisearach* (2021) ná tacú le scoileanna chun clár comhsheasmhach Folláine a phleanáil agus a fhorbairt a chuirfidh leis na tuiscintí, na cleachtais agus curaclam na Folláine atá cheana sna scoileanna.

Féadann scoileanna, anuas ar na cláir staidéir sa Chorpoideachas, san OSSP agus san OSPS, réimsí eile a chuimsiú ina soláthar do chlár 400 uair an chloig Folláine, le samplaí leagtha amach in *Treoirlínte CNCM maidir le Folláine sa tSraith Shóisearach* (2021).

Dírítear aird scoileanna ar *Chiorclán 0043/2018*: *Treoir dhea-chleachtais d'iar-bhunscoileanna maidir le cláir agus/nó áisitheoirí seachtracha a úsáid chun Folláine a chur chun cinn de réir Ráiteas Polasaí Folláine agus Creatlach Chleachtais na Roinne Oideachais agus Scileanna agus cláir nó acmhainní arna bhforbairt ag áisitheoirí seachtracha á roghnú acu*. Tá nasc chuig an gCiorclán sin ar fáil in Aguisín 1.

Níl sé inghlactha acmhainní nó ábhair atá á dtáirgeadh nó á maoiniú ag tionscal an alcóil a úsáid le haghaidh oideachais agus feasachta ar alcól i scoileanna, ná ní cóir do mhúinteoirí freastal, ina gcáil ghairmiúil, ar oiliúint ghaolmhar a d'fhéadfadh eagraíochtaí atá maoinithe ag tionscal an alcóil a chur ar fáil.

Má thugann scoileanna aonaid foghlama isteach chun cuid de chlár Folláine na scoile a chlúdach, ní mór an réasúnaíocht i dtaca le cuimsiú na n-aonad sin i gclár Folláine na scoile a bheith soiléir agus ba chóir iad a bheith nasctha leis na sé tháscaire don fholláine agus gach dalta sa tSraith Shóisearach a bheith san áireamh.

Caithfidh oideachas treorach a bheith mar chuid de chlár na Sraithe Sóisearaí. Is féidir treoir a chur ar fáil faoi na scáth-uaireanta folláine **NÓ** mar 'réimse eile foghlama.' Leanfaidh an tseirbhís tacaíochta do mhúinteoirí Oide ag cur forbairt ghairmiúil ar fáil do Threoir na Sraithe Sóisearaí sa bhliain acadúil 2023/24 agus ina dhiaidh sin. Is féidir leis an Treoirchomhairleoir nó le múinteoir eile treoir a sholáthar de réir phleanáil don Treoir Scoile Uile.

D'fhéadfadh tionscnaimh roghnacha bainteach leis an bhfolláine ina mbíonn líon beag scoláirí rannpháirteach, seachas grúpa ranga iomlán, a bheith éifeachtach dóibh sin lena mbaineann siad. Níor cheart na heispéiris foghlama sin, áfach, a áireamh mar chuid den chlár Folláine mar ní chuimsíonn siad gach scoláire sa rang. Ba cheart dul i gcomhairle

leis an bhfoireann, leis na tuismitheoirí agus leis na scoláirí nuair a bhíonn clár Folláine scoile á fhorbairt. Tá sraith aguisíní in *Treoirlínte CNCM maidir le Folláine sa tSraith Shóisearach* chun tacú le scoileanna sa phróiseas sin.

### 2.6.1 Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais

Cuireann an Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais struchtúr uileghabhálach ar fáil chun tacú le scoileanna a gcuid oibre a phleanáil agus a athbhreithniú i leith cur chun cinn na folláine. Éilíonn an polasaí go ndéanfaí Próiseas Cur Chun Cinn na Folláine a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ngach scoil trí úsáid a bhaint as an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile (FMS). Tá *Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach (2021)* ón CNCM ailínithe leis an *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* (tá nasc chuige sin ar fáil in Aguisín 1) agus is féidir leo bonn eolais a chur faoi fhorbairt Próiseas Cur Chun Cinn na Folláine i gcomhthéacs na Féinmheastóireachta Scoile. (FSS).

Agus an méid atá thuas á chur san áireamh, forbraíodh Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht tríd an dearcadh atá sna ceithre cinn de phríomhréimsí an Ráitis Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019. Tá sé fréamhaithe sa taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta trí Chur Chuige Oideachais Uile EOECNA agus bonn eolais á chur faoi ag comhairliúchán agus rannpháirtíocht mheáite agus fhorleathan le baill dár bpobal oideachais agus leis an tsochaí i gcoitinne.

Trí fheidhmiú Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht, is féidir linn go léir oibriú le chéile i dtreo sochaí Éireannach atá éagsúil, ionchuimsitheach agus saor ó bhulaíocht de gach cineál, ar sochaí í ina bhfuil meas ar an éagsúlacht aonair agus ina ndéantar í a chothú agus a cheiliúradh agus inar féidir lenár leanaí agus lenár ndaoine óga go léir mothú sona agus sábháilte inár scoileanna.

## 2.7 Socruithe amchláir

Cuimsíonn na gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama, measúnaithe agus tuairiscithe a bheidh ar siúl i gcláir athbhreithnithe na Sraithe Sóisearaí raon níos leithne gníomhaíochtaí, cothromaíocht nua idir forbairt scileanna agus inniúlachtaí agus forbairt ar eolas na scoláirí.

D'fhonn an fhoghlaim sin a éascú mar aon le cleachtais mhaithe le haghaidh cur chun feidhme an mheasúnaithe fhoirmithigh, beidh gá le tréimhse ranga 40 nóiméad ar a laghad. Beidh gá le tréimhsí dúbailte ranga (2 x 40 nóiméad) d'ábhair áirithe le linn na

seachtaine scoile. Ní mór do scoileanna a chinntiú feasta nach gcuirfear tréimhsí ranga níos lú ná 40 nóiméad ar an gclár ama.

Beidh scoileanna áirithe ina mbeidh tréimhsí ranga níos faide, suas le 60 nóiméad (seachas 40 nóiméad), níos oiriúnaí do riachtanais foghlama a gcuid scoláirí agus do na hábhair a bhíonn á staidéar acu, é sin nó meascán de thréimhsí ranga 40 nóiméad agus tréimhsí ranga níos faide suas le 60 nóiméad

Teastóidh ar a laghad 240 uair an chloig de rannpháirtíocht scoláirí ar an gclár ama don Bhéarla, don Ghaeilge agus don Mhatamaitic. Éileoidh gach ábhar Sraithe Sóisearaí eile, lena n-áirítear Stair, 200 uair an chloig ar a laghad de rannpháirtíocht scoláire ar an gclár ama lena n-áirítear gníomhaíocht teagaisc, foghlama agus measúnaithe.

Tá Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) deartha le haghaidh suas le 250 uair an chloig de rannpháirtíocht scoláire agus tá siad leagtha amach ó thaobh gnéithe agus torthaí foghlama de. Tá 100 uair an chloig de rannpháirtíocht scoláirí ag teastáil sna gearrchúrsaí thar na trí bliana den tSraith Shóisearach, agus tá gá, de réir sonraíochta an Chorpoideachais, le 135 uair an chloig de rannpháirtíocht na scoláirí thar thréimhse trí bliana na Sraithe Sóisearaí.

I scoileanna ina bhfuil clár samplála i bhfeidhm don chéad bhliain, ba cheart do bhainistíocht na scoile a chinntiú nach mbíonn tionchar ag cláir dá leithéid sin ar an am foriomlán atá ar fáil do na roghanna ábhair a roghnaítear de réir mar a théann scoláirí ar aghaidh sna blianta ina dhiaidh sin den tSraith Shóisearach.

### 2.8 Ábhair a ndéantar staidéar orthu lasmuigh de shuíomh scoile aitheanta

Tá Creat na Sraithe Sóisearaí saindeartha lena sheachadadh laistigh de shuíomh scoile agus ní fhéadfar ach tabhairt faoi gach ábhar agus réimse foghlama ina n-iomláine laistigh de shuíomh scoile.

Tá comhtháthú an mheasúnaithe agus an tuairiscithe i seomraí ranga mar bhonn leis an ngnáththeagasc agus leis an ngnáthfhoghlaim ar clár thrí bliana na Sraithe Sóisearaí. Is gradam scoilbhunaithe í Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a tharraingíonn ar agus a thuairiscíonn ar ghnóthachtáil i ngach gné den mheasúnú lena n-áirítear measúnú leanúnach, Measúnuithe Rang-Bhunaithe (MRBanna) agus gráid agus tuairiscíní sna Scrúduithe Stáit.

Níl an tsraith iomlán comhpháirteanna foghlama agus measúnaithe ag an tSraith Shóisearach ar fáil ach amháin nuair atáthar i mbun staidéir i suíomh scoile. I roinnt cásanna, áfach, féadfaidh scoláirí staidéar a dhéanamh ar ábha(i)r lasmuigh de shuíomh aitheanta scoile. I gcásanna dá leithéid (fiú má tá an scoláire ag déanamh níos lú ná deich n-ábhar ar scoil) ní féidir na ceanglais do MRBanna ag scoileanna aitheanta a shásamh agus ní féidir, dá bhrí sin, MRBanna a thuairisciú mar chuid den PGSS. Sa chás nach féidir le scoláirí na MRBanna a chomhlánú laistigh de shuíomh aitheanta scoile (nó ionad aitheanta le haghaidh breisoideachais), taispeánfar "níor tuairiscíodh" ar an PGSS. Féach cuid 3.4 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Ní bheidh scoláirí atá ag staidéar lasmuigh de shuíomh aitheanta scoile in ann TManna a chríochnú sna hábhair ábhartha.

Tabhair faoi deara nach féidir le scoláire ar bith, scoláirí atá ag staidéar lasmuigh den suíomh scoile san áireamh, níos mó na an t-uasmhéid de 10 n-ábhar a dhéanamh don scrúdú deiridh agus don tuairisciú tríd an PGSS.

### 2.9 Scoláirí a fhaigheann scolaíocht ón mbaile

Maidir le scoláirí a ***roghnaigh an scolaíocht bhaile***, beidh rochtain acu ar an scrúdú deiridh sa tSraith Shóisearach **Ní chuirfear** PGSS ar fáil do scoláirí dá leithéid, os rud é gur gradam scoil-bhunaithe é an PGSS. Féadfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) ráiteas a sholáthar do na scoláirí sin ar a mbeidh torthaí na scrúduithe deiridh.

### 2.10 Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh

Féadfaidh scoileanna a bhfuil Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS) á thairiscint acu faoi láthair leanúint de bheith á dhéanamh sin. Tá athbhreithniú ar CSTS fós ar siúl, agus níl aon iarratais nua á nglacadh ó scoileanna faoi láthair le haghaidh iontrála sa CSTS.

## 3. Measúnú agus tuairisciú sa tSraith Shóisearach

### 3.1 Socruithe measúnaithe do na hábhair

Tá cur chuige déach i leith an mheasúnaithe tugtha isteach leis an *gCreat don tSraith Shóisearach 2015* a thacaíonn le foghlaim an scoláire thar thréimhse trí bliana na Sraithe Sóisearaí. Laghdaíonn an cur chuige déach sin an fócas ar aon scrúdú amháin a mheasúnaítear go seachtrach mar bhealach chun measúnú a dhéanamh ar scoláirí agus méadaíonn sé aird ar mheasúnú rang-bhunaithe agus ar mheasúnú foirmitheach.

Tagann an t-athrú béime sin i gceist toisc go n-aithnítear go bhfoghlaimíonn scoláirí níos fearr nuair a fhaigheann siad aiseolas ó mhúinteoirí a chuidíonn leo tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir leo a gcuid foghlama a fheabhsú.

Tugann an *Creat don tSraith Shóisearach 2015* léiriú ar mheasúnú ar shonraíochtaí ábhair trí aiseolas leanúnach sa rang, dhá Mheasúnú Rang-Bhunaithe (ceann sa dara bliain agus ceann sa tríú bliain de ghnáth), a thuairiscíonn an scoil do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do scoláirí; Tasc Measúnaithe (arna cheapadh ag CNCM agus marcáilte ag CSS) i bhformhór na n-ábhar, agus Sraith de Scrúduithe Deiridh, arna riar agus arna marcáil ag CSS ag deireadh an tríú bliain.

Ginfidh an meascán den Tasc Measúnaithe agus an Scrúdú Deiridh, arna marcáil agus arna mbronnadh ag CSS, tuairiscín gráid. Beidh socruithe measúnaithe atá mionathraithe beagán i bhfeidhm sna hábhair Amharc-ealaín, Ceol, Eacnamaíocht Bhaile, agus Teicneolaíocht. Ní scrúdófar Tascanna Measúnaithe (TManna) i 2024. Tá tuilleadh eolais ar fáil i gCuid 3.8 den cháipéis seo.

### 3.2 Socruithe measúnaithe le haghaidh CFL1anna agus CFL2anna

Déanfaidh múinteoirí na scoláirí measúnú ar fhoghlaim an scoláire sna ATFanna agus i ngearrchúrsaí a áirítear i CFL1anna agus i CFL2anna, agus déanfar tuairisciú uirthi do na scoláirí agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí le linn na Sraithe Sóisearaí agus sa PGSS ag baint úsáide as tuairiscíní cuí.

- ATFanna Leibhéal 1 agus Leibhéal 2: ginfear an fhianaise ar an bhfoghlaim ag tagairt do shonraíochtaí CNCM do na ATFanna mar atá leagtha amach i bhfoilseacháin an CNCM *Cláir Foghlama Leibhéal 2: Treoirlínte do Mhúinteoirí* agus beidh baint dhíreach acu le torthaí foghlama na ATFanna sin.
- Gearrchúrsaí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2: beidh Measúnú Rangbhunaithe (MRB) amháin ann do gach gearrchúrsa. Ba chóir a chinntiú go mbíonn socruithe inrochtaineacht na MRBanna sin do scolairí i gcomhréir leo siúd atá i bhfeidhm ag an scoil chun tacú le foghlaim an scoláire le linn na scoilbhliana. Ba chóir go ndéanfaí iad seo a dhearadh lena chinntiú gur féidir le scoláirí a bhfuil foghlamtha acu a léiriú seachas cúiteamh a dhéanamh as easpa foghlama/gnóthachtála.

Thar na trí bliana den tSraith Shóisearach, tiomsaíonn scoláirí fianaise i bpunann ar a gcuid foghlama i gClár Foghlama Leibhéal 1 agus/nó Leibhéal 2. Cuireann na scoláirí an phunann sin ar fáil dá múinteoirí agus déantar measúnú agus tuairisciú ar obair na scoláirí.

### 3.3 Eolas Ginearálta ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna)

Tá comhtháthú an mheasúnaithe agus an tuairiscithe mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga mar bhonn le clár trí bliana na Sraithe Sóisearaí.

Cuireann MRBanna ar chumas scoláirí a dtuiscint ar choincheapa agus ar scileanna a léiriú mar aon lena gcumas iad a chur i bhfeidhm ar bhealaí nach mbeadh indéanta i scrúdú a ndéanfaí measúnú seachtrach air. Clúdaíonn na measúnuithe a bhaineann le MRBanna raon leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear tascanna ó bhéal, obair scríofa de chineálacha éagsúla, tascanna praiticiúla nó dearaidh agus déanta, léirithe ealaíne, turgnaimh eolaíochta, tionscadail, punanna nó tascanna oiriúnacha eile, ag brath ar an ábhar atá i gceist.

Is é an múinteoir a mheasfaidh MRB i ngach ábhar agus gearrchúrsa, bunaithe ar an bhfoghlaim a rinneadh laistigh de chomhthéasc an tseomra ranga. De ghnáth, déanann scoláirí dhá MRB i ngach ábhar, atá faoi stiúir agus á eascú ag a múinteoir scoile, ceann sa dara bliain de ghnáth agus ceann sa triú bliain. De ghnáth, déanann scoláirí MRB amháin i ngearrchúrsaí.

Measúnaithe Rang-bhunaithe:

- Úsáidtear iad chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim in ábhair agus i ngearrchúrsaí agus meastar iad ag léibhéal coiteann.
- Tabharfaidh scoláirí faoi MRBanna laistigh d'am ranga de réir amchláir náisiúnta atá ar fáil ag https://ncca.ie/ga/ agus de réir treoirlínte measúnaithe do gach ábhar agus gach gearrchúrsa atá ar fáil ag https://www.curriculumonline.ie.
- Déanann múinteoirí na scoláirí measúnú ar na MRBanna agus déantar na tuairiscíní a bhronntar a thuairisciú do scoláirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí le linn na Sraithe Sóisearaí ag baint úsáide as na gnáthnósanna tuairiscithe scoile agus sa PGSS.

Tá breis eolais ar MRBanna mar aon leis treoirlínte measúnaithe thuasluaite ar fáil ag https://www.curriculumonline.ie.

Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar leibhéal gnóthachtála scoláirí i MRB bainfidh múinteoirí úsáid as breithiúnas 'ar an iomlán' maidir leis na Gnéithe Cáilíochta atá leagtha amach sna ceithre thuairiscíní leibhéil: Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht le hionchais, Nior chomhlíon na hionchais go fóill.

Ós rud é go bhfuil aiseolas leanúnach, measúnú foirmitheach, MRBanna, tascanna measúnaithe (nach mbeidh ar dhaltaí sa tríú bliain sa scoilbhliain 2023/24 TManna a

dhéanamh sna hábhair ábhartha) mar aon le scrúduithe deiridh san áireamh i sonraíocht ábhair, tá gá le 'ró-mheasúnú' a sheachaint agus an t-ualach carnach ar scoláirí agus ar mhúinteoirí maidir le hilmheasúnuithe thar an raon iomlán ábhar a íoslaghdú. Sa chomhthéacs seo, **beidh** na MRBanna ann in ionad na measúnuithe eile a dhéantar faoi láthair ar nós scrúduithe inmheánacha scoile.

Meabhraítear do scoileanna a bpolasaithe measúnaithe féin a scrúdú agus ní mór dóibh pleanáil chun go ndéanfaidh scoláirí Measúnuithe Rangbhunaithe in ionad scrúduithe inmheánacha scoile, nuair is ábhartha.

### 3.4 Socruithe do MRBanna i ngearrchúrsaí

Beidh Measúnacht Rangbhunaithe amháin i gceist le gearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí. Tá an clár corpoideachais 135 uair an chloig nua mar eisceacht toisc go n-iarrtar ar scoláirí dhá MRB a dhéanamh. Tá Treoirlínte Measúnaithe do gach gearrchúrsa atá forbartha ag an CNCM ar fáil in Aguisín 1.

### 3.5 Socruithe do MRBanna 2023/2024

Mar thoradh ar an gcinneadh go leanfaí leis na mionathruithe a rinneadh ar shocruithe measúnaithe don bhliain acadúil 2022/2023 ar feadh bliana amháin eile, tá feidhm ag na socruithe seo a leanas anois maidir le CBAanna do scoláirí na tríú bliana in 2023/2024:

- Caithfidh scoláirí atá ag dul isteach sa tríú bliain den tSraith Shóisearach in 2023/2024 MRB amháin ar a laghad a chríochnú i ngach ábhar agus MRB amháin i ngach gearrchúrsa.
- Cinnfidh bainistíocht na scoile, tar éis dul i gcomhairle leis na múinteoirí ábhartha (agus más féidir, plé le scoláirí), an ndéanfar MRB amháin nó dhó i ngach ábhar. Beidh roinnt eisceachtaí ann maidir leis na roghanna a dhéanann scoileanna:
    - Chun measúnú a chinntiú ar scileanna cumarsáide béil, caithfidh scoláirí MRB 2: Tasc Cumarsáide i nGaeilge agus MRB 1: Cumarsáid ó Bhéal i Nuatheangacha Iasachta a chomhlánú;
    - Toisc go bhfuil siad nasctha i ngach cás leis an scrúdú deiridh san ábhar, ní mór do scoláirí atá ag déanamh staidéir ar Amharc-ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid CBA 2 a chur i gcrích.

Is ionann na socruithe don chohórt scoláirí atá ag dul isteach sa dara bliain den tSraith Shóisearach 2023/2024 agus iad siúd atá san *Creat don tSraith Shóisearach 2015*.

Ba chóir go mbeadh na Measúnuithe Rangbhunaithe críochnaithe laistigh den tréimhse ama a dháiltear (m.sh. 3 seachtaine, 4 seachtaine) mar atá sonraithe sna Treoirlínte Measúnaithe do gach ábhar nó gearrchúrsa.

### 3.6 Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhar (AFMÁ)

Chun tacú le múinteoirí measúnú a dhéanamh ar MRBanna na scoláirí, beidh cruinnithe AFMÁ ag na múinteoirí. Tá ról fíorthábhachtach ag na cruinnithe AFMÁ maidir le cultúr coláisteach gairmiúil a fhorbairt agus cur leis an saineolas faoi na breithmheasanna ar ghnóthachtáil scoláirí a dhéanann múinteoirí.

Ag na cruinnithe sin, déanfaidh múinteoirí samplaí ionadaíocha d'obair na scoláirí a roinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar thuiscint chomhchoiteann i dtaca le caighdeán oibre a gcuid scoláirí.

Ba chóir go mbeadh an cruinniú AFMÁ ar siúl tráth nach déanaí ná mí tar éis an MRB a chur i gcrích.

Is faoi bhainistíocht na scoile atá sé na MRBnna agus cruinnithe AFMÁanna bainteacha a sceidealú laistigh de na bandaí ama níos leithne, i gcomhar leis na ranna ábhar. D'fhonn cruinnithe éifeachtacha AFMÁ a chinntiú, moltar go mbeadh am chur i gcrích MRBanna agus dáta cruinnithe AFMÁ chomh cóngarach dá chéile agus is féidir i gcomhthéacs ar leith na scoile.

Is dea-chleachtas é na cruinnithe seo a chur ar siúl i bpearsan agus moltar go mbeadh sé seo mar chur chuige réamhshocraithe. Mar sin féin, aithnítear go bhféadfadh cúinsí áirithe eascairt ina ndéanfar na cruinnithe a reáchtáil ar bhealaí difriúla. Más indéanta,[3], agus ag brath ar aontú na múinteoirí ábhair ábhartha, tá sé de rogha ag scoileanna leas a bhaint as ardáin dhigiteacha chun cruinnithe AFMÁ a chur ar siúl. Coimeádfar faoi athbhreithniú an rogha maidir le cruinnithe AMFÁ a reachtáil ar líne.

Nuair nach mbíonn ach múinteoir amháin d'ábhar faoi leith sa scoil, is féidir leis an scoil rannphháirtíocht an mhúinteora sin i gcruinniú AFMÁ scoile eile a éascú. I gcás scoile a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, is féidir rannphháirtíocht an mhúinteora i gcruinniú AFMÁ scoile eile a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a éascú. D'fhéadfaí féachaint ar thriail a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú leis na cruinnithe seo. B'fhéidir

---

[3] Aithnítear nach féidir roinnt gnéithe den phróiséas AFMÁ a dhéanamh ar líne, mar shampla cruinnithe a bhaineann le scrúdú fisiceach a dhéanamh ar dhéantúsáin.

freisin, i gcás gearrchúrsaí, go mbreithneodh scoileanna ar chruinnithe AFMÁ a reáchtáil go leictreonach le múinteoirí gearrchúrsaí i scoileanna eile. Ba cheart cruinnithe AFMÁ a reachtáil, seachas i gcúinsí eisceachtúla, don mheasúnú ar MRBanna a thugtar chun críche i ngearrchúrsaí agus déanfar cur síos ar ghnóthachtáil na scoláirí ag baint úsáide as na tuairiscíní céanna atá in úsáid do na hábhair thuas. Leagtar amach in Aguisín 3 na roghanna atá ar fáil do scoileanna maidir le cruinnithe AFMÁ a eagrú.

### 3.7 Socruithe maidir le Tascanna Measúnaithe do scoláirí na tríú bliana 2023/2024

Mar thoradh ar an gcinneadh leanúint leis na mionathruithe ar shocruithe measúnaithe don bhliain acadúil 2022/2023 go dtí an bhliain acadúil 2023/2024, tá deireadh curtha leis an gceanglas ar Thascanna Measúnaithe do scoláirí sa tríú bliain sa tSraith Shóisearach sa bhliain acadúil 2023/2024.

Is ionann Tascanna Measúnaithe agus 10% den mharc deiridh sna hábhair ábhartha. Do scoláirí atá sa tríú bliain sa bhliain acadúil 2023/24, beidh an 10% sin mar chuid den scrúdú deiridh, a chinnteoidh an t-iomlán 100% na marcanna deiridh sna hábhair ábhartha.

### 3.8 Scrúdú deiridh do scoláirí tríú bliana 2023/2024

Is ar bhonn seachtrach fós a dhéanann CSS gach measúnú le haghaidh an Scrúdaithe Deiridh a cheapadh agus a mheasúnú. Tá breis eolais maidir le measúnú ar fáil ar shuíomh gréasáin an CNCM ag: https://www.ncca.ie/en/junior-cycle/assessment-and-reporting

Don chuid is mó[4] de na hábhair sa tSraith Shóisearach, beidh scrúdú scríofa ann a dhéanfaidh CSS a leagan amach, a riaradh agus a mharcáil. Ní mhairfidh na scrúduithe scríofa níos faide ná dhá uair an chloig ós rud é go bhfuil an tsonraíocht nua tugtha isteach do gach ábhar agus nach bhfuil siollabais na Sraithe Sóisearaí a bhí ann cheana ar fáil a thuilleadh.

Tá na scrúduithe scríofa deiridh sceidealaithe le bheith ar siúl i mí an Mheithimh 2024. Deanfar measúnú ar na scrúduithe deiridh ag leibhéal comónta, seachas Béarla, Gaeilge (T1 agus T2) agus Matamaitic, mar a mbeidh dhá leibhéal ar fáil (ardleibhéal agus gnáthleibhéal).

---

[4] Is é an Amharc-Ealaín an t-aon ábhar sa tSraith Shóisearach nach bhfuil Scrúdú Deiridh CSS ag dul leis i mí an Mheithimh.

Maidir leis na hábhair phraiticiúla, cuirfear san áireamh sna Scrúduithe Deiridh gnóthachtáil an scoláire sa chomhpháirt phraiticiúil a ndéantar measúnú uirthi go seachtrach (déantán, obair phraiticiúil, nó taibhiú). Úsáidfear tacar de ghráid atá státdeimhnithe chun gnóthachtáil a thaifeadadh agua déanfaidh CSS na gráid sin a thuairisciú ar dtús i bhfoirm shealadach ag deireadh na tríú bliana. Déanfar iad a dheimhniú ina dhiaidh sin agus cuirfear san áireamh iad ar an Próifíl Ghnóthachtáil na Sraithe Soisearaí (PGSS) a eiseófar ón scoil. Seo mar a bheidh na gráid le sonrú:

Grádú an Scrúdaithe Deiridh

| Grád | Raon (%) |
|---|---|
| Gradam | ≥ 90 go 100 |
| Ardtuillteanas | ≥ 75 agus < 90 |
| Tuillteanas | ≥ 55 agus < 75 |
| Gnóthaithe | ≥ 40 agus < 55 |
| Gnóthaithe go páirteach | ≥ 20 agus < 40 |
| Neamhghrádaithe | ≥ 0 agus < 20 |

Leanfaidh CSS den tacaíocht atá ann faoi láthair do shocruithe réasúnta i scrúdú an Teastais Shóisearaigh (Scéim RACE) a chur ar fáil d'iarrthóirí a bheidh ag déanamh na Scrúduithe Deiridh in ábhair na Sraithe Sóisearaí.

## 3.9 Tuairisciú ar ghnóthachtáil scoláirí

### 3.9.1 Tuairisciú

Tabhairfaidh an scoil tuairisciú foirmiúil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtálacha scoláirí do na scoláirí ina n-ábhair, gearrchúrsaí, ATFanna agus clár Folláine, mar is cuí, sa chéad bhliain agus sa dara bliain. Eiseoidh an scoil Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) ilchodach tar éis an scrúdú deiridh. Beidh sé sin mar chomhlánú ar an tuairisciú ar dhul chun cinn do thuismitheoirí/chaomhnóirí le linn cruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí agus trí ghnáthsheisiúin aiseolais do scoláirí, lena n-áirítear aiseolas nuair a bhíonn gach MRB críochnaithe.

Tá teimpléid don tuairisciú forbartha ag an CNCM de réir stíle agus fhormáid PGSS. Moltar do scoileanna a bhformáidí tuairiscithe féin a fhorbairt ar aon dul leo sin. Tá Treoirlínte ar Thuairisciú, lena n-áirítear samplaí de theimpléid a bheidh le húsáid ag scoileanna, ar fáil ag https://www.ncca.ie/en/junior-cycle/assessment-and-reporting.

### 3.9.2 Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Tuairisceoidh an PGSS ar ghnóthachtáil scoláirí thar raon réimsí foghlama sa tSraith Shóisearach, lena n-áirítear nuair is cuí:

- Scrúduithe Deiridh CSS;
- Gearrchúrsaí;
- Measúnuithe Rang-Bhunaithe[5];
- Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna);
- Cláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1anna);
- Réimse na Folláine;
- Réimsí foghlama eile.

Is féidir tuilleadh eolais ar an ábhar seo a fháil sa Lámhleabhar PGSS.

### 3.9.3 Tuairisciú ar ghnóthachtálacha na scoláirí i réimse na Folláine

Tá sé mar aidhm ag tuairisciú ar fhoghlaim na scoláirí sa chlár Folláine léargas a thabhairt ar a bhfuil foghlamtha ag scoláirí maidir le folláine agus na scileanna atá forbartha acu chun tacú lena bhfolláine féin. Táthar ag súil go dtuairisceoidh scoileanna ar fhoghlaim na scoláirí maidir le folláine mar chuid den mheasúnú agus tuairisciú leanúnach le linn na Sraithe Sóisearaí.

Taispeánfar an Fholláine i réimse ar leith den PGSS le spás saor inar féidir le scoileanna tuairisciú ar gnóthachtálacha Folláine i réimse eile mar atá leagtha amach i gCuid 2.6. Is sa réimse seo a dhéanfaidh scoileanna tuairisciú ar gnóthachtálacha na scoláirí in OSSP, OSPS agus Corpoideachas. Éascófar é sin trí úsáid a bhaint as na tuairiscíní a forbraíodh cheana féin ina léirítear an teanga chuí foghlama. Mar thoradh ar shrianta teicniúla, **ní féidir tuairiscíní ábhair do shean-shiollabais an Teastais Shóisearaigh a léiriú sa rannóg Folláine de PGSS 2023.** Mar thoradh air seo, beidh ar scoileanna a chuir siollabais Corpoideachas, OSPS agus OSSP an Teastais Shóisearaigh ar fáil, gnóthachtálacha a scoláirí sna réimsí foghlama seo a léiriú tríd an mbosca téacs oscailte dar teideal ‘Réimsí Folláine Eile’. Ní chuireann sé seo isteach ar scoláirí a rinne staidéar ar ghearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais faoi thuairisciú ar ghnóthachtáil scoláirí san Fholláine in PGSS 2023 ar fáil in Aguisín 4.

### 3.9.4 Tuairisciú ar ghnóthachtálacha na scoláirí i réimsí foghlama eile

Sa chuid bán 'Réimsí Foghlama Eile' den PGSS tá solúbthacht ag an scoil tuairisciú a dhéanamh ar thaithí foghlama eile agus ar imeachtaí ina raibh scoláirí páirteach iontu le linn gnéithe comhchuraclaim agus seach-churaclaim de chlár na Sraithe Sóisearaí sa

---

[5] Athrófar dearadh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) do 2023 chun na socruithe athbhreithnithe do MRBanna a chur san áireamh.

scoilbhliain. Tá samplaí de na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a chur ar fáil mar chuid den 400 uair an chloig de sholáthar Folláine leagtha amach in *Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach (2021)* ón CNCM.

### 3.9.5 Tuairisciú ar ghnóthachtálacha na scoláirí i CFL1anna agus CFL2anna

Tugann PGSS cur síos ar ghnóthachtálacha scoláirí i CFL1 agus/nó CFL2, mar a thuairiscíonn an scoil iad.

Ag Leibhéal 1, má tá fianaise foghlama curtha isteach ag scoláire a thugann le fios gur bhain an scoláire tairbhe as roinnt torthaí foghlama a rochtain don ATF sin, beidh Dul Chun Cinn Gnóthaithe le feiceáil taobh le teideal an ATF ábhartha. Ag Leibhéal 1, má tá fianaise curtha isteach ag scoláire a thugann le fios go bhfuil an scoláire tar éis gach ceann de na torthaí foghlama bainteach leis an ATF a rochtain agus go bhfuil a bhformhór bainte amach, beidh Curtha i gCrích go Maith le feiceáil taobh le teideal an ATF ábhartha.

Ag Leibhéal 2, má tá fianaise curtha isteach ag scoláire a thugann foghlaim le fios i dtromlach na dtorthaí foghlama do gach gné den ATF sin, beidh Gnóthaithe le feiceáil taobh le teideal an ATF ábhartha.

Seachas na ceanglais a bhaineann le ATFanna, áireoidh scoláirí freisin fianaise ar fhoghlaim i ngearrchúrsaí ag Leibhéal 1 agus ag Leibhéal 2:

- Nuair a bhíonn MRB curtha i gcrích go rathúil ag scoláire do ghearrchúrsa Leibhéal 2, déanfar an tuairiscín 'Gnóthaithe' a thaifeadadh sa rannóg ábhartha den PGSS mar aon le teideal an ghearrchúrsa ábhartha. Mura bhfuil MRB curtha i gcrích go rathúil ag scoláire do ghearrchúrsa Leibhéal 2, ní thaispeánfar teideal an ghearrchúrsa ar an PGSS.

- Chun an Dul Chun Cinn a Baineadh Amach a thaifeadadh ar an PGSS do gach gearrchúrsa Leibhéal 1, caithfidh an scoláire fianaise foghlama a chur i láthair a léiríonn gur bhain an scoláire tairbhe as roinnt torthaí foghlama a bhaint amach sa ghearrchúrsa. Ionas gur féidir Curtha i gCrích go Maith a thaifeadadh ar an PGSS do gach gearrchúrsa Leibhéal 1, caithfidh an scoláire fianaise a chur i láthair a thabharfadh le fios gur chríochnaigh siad Measúnú Rangbhunaithe a bhaineann leis an ngearrchúrsa.

## 3.10 Socruithe teicniúla do scoileanna

Tugann na hailt seo a leanas srac-chuntas ar na socruithe teicniúla atá ann faoi láthair chun na PGSSanna a tháirgeadh i ndáil le scoileanna agus le hionaid éagsúla ina mbíonn scoláirí ag gabháil don tSraith Shóisearach.

### 3.10.1 Taifead ar an gclár staidéir do scoláirí

Tá sé de **fhreagracht ar údarás na scoile** a chinntiú go léiríonn Bunachar Sonraí Ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna (PPOD) na Roinne go cruinn na hábhair a bhfuil gach scoláire ag déanamh staidéir orthu – idir ábhair scrúdaithe agus ábhair nach ábhair scrúdaithe iad, lena n-áirítear ábhair a dhéantar lasmuigh de shuíomh scoile, atá mar chuid den uasmhéid 10 ábhar atá léirithe cheana.

Úsáidtear an PPOD chun sonraí na scoláirí agus a gcuid ábhar a sholáthar do Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) chun críocha scrúdaithe. Tá sonraí cruinne agus iomlána ar Bunachar Sonraí Ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna riachtanach ionas go gcuirtear na hábhair a theastaíonn uathu ar fáil do scoláirí dá dTascanna Measúnaithe[6] do thástálacha praiticiúla agus feidhmíochta agus do na scrúduithe deiridh.

### 3.10.2 Socruithe taifeadta agus tuairiscithe d'fhoilsiú an PGSS

Déanfaidh **iar-bhunscoileanna aitheanta** toradh na MRBanna (in ábhair agus i ngearrchúrsaí) a thaifeadadh, chomh maith le gnóthachtálacha in ATFanna (más cuí) dá scoláirí agus déanfar na sonraí sin a uaslódáil ar Chóras Bhunachar Sonraí Ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna na Roinne. Déanfar na sonraí sin, mar aon leis an toradh ó Scrúduithe Deiridh CSS (tar éis an phróisis achomhairc agus an Tasc Measúnaithe san áireamh[7]) a thaifeadadh ar PGSS do gach scoláire.

Cuirfear an PGSS páirt-chomhlánaithe ar fáil ansin go leictreonach do scoileanna chun sonraí maidir le ghóthachtálacha i Réimsí Foghlama Eile agus Folláine a thaifeadadh i dtaca le gach scoláire. Ansin, soláthróidh scoileanna na PGSSanna comhlánaithe dá scoláirí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

Maidir le Scoileanna Speisialta, Ionaid Ógtheagmhála, Ionaid Choinneála agus Foghlaimeoirí Lánfhásta in ionaid scoile eile neamhchaighdeánacha ina mbíonn scoláirí ag gabháil don tSraith Shóisearach, cuirfear teimpléad PGSS páirtchomhlánaithe ar fáil do na scoileanna agus do na hionaid sin trí chóras uathoibríoch a d'fhorbair an Roinn ar a dtugtar Bunachar Sonraí Mheasúnú na Sraithe Sóisearaí (BSMSS). Cuimseofar sa teimpléad na torthaí ó Scrúduithe Deiridh CSS ar bith (an Tasc Measúnaithe san áireamh[8]) a rinne scoláirí nuair is cuí.

---

6 Ní cheanglófar ar scoláirí sa tríú bliain sa scoilbhliain 2023/24 Tascanna Measúnaithe a dhéanamh do na hábhair ábhartha.
7 Ibid.
8 Ní cheanglófar ar scoláirí sa tríú bliain sa scoilbhliain 2023/24 Tascanna Measúnaithe a dhéanamh do na hábhair ábhartha.

Déanfaidh scoileanna, agus ionaid eile ina ndéanann scoláirí an tSraith Shóisearach, torthaí MRBanna na scoláirí (in ábhair agus i ngearrchúrsaí mar is cuí), gnóthachtálacha na scoláirí in ATFanna, mar aon le gnóthachtálacha i Réimsí Foghlama Eile agus Folláine a thaifead go háitiúil ar an PGSS. Ansin, soláthróidh na scoileanna agus na hionaid seo na PGSSanna comhlánaithe dá scoláirí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

Ní mór a thabhairt faoi deara sa chás nach féidir le scoláirí na MRBanna a chomhlánú laistigh de shuíomh aitheanta scoile (nó ionad aitheanta le haghaidh breisoideachais), léireofar na MRBanna mar “níor tuairiscíodh” ar an PGSS.

Ní mór a thabhairt faoi deara freisin, mar atá leagtha amach sa litir do Phríomhoidí a cuireadh chuig scoileanna ar an 1 Meitheamh 2022 ina meabhraítear na socruithe agus na tascanna atá de dhíth chun PGSSanna a uaslódáil agus a chomhlánú, tá monatóireacht ghníomhach á déanamh ag an Roinn Oideachais ar uaslódáil na measúnuithe MRB críochnaithe chuig an PPOD ionas go mbeidh siad i PGSSanna na scoláirí.

Tá cuntas ríomhphoist tiomnaithe bunaithe ag an Roinn CBAUPLOADS@education.gov.ie chun deis a thabhairt do Phríomhoidí an Roinn a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna ar leith ina scoil a bhaineann leis na measúnuithe MRB a thabhairt chun críche don uaslódáil ar an PPOD.

### 3.10.3 Coimeád PGSS agus Bainistiú ar Thaifid

Ceanglófar ar scoileanna an PGSS do gach scoláire a shábháil – go leictreonach nó mar chruachóip. Ba chóir do na scoileanna cóipeanna a choimeád den PGSS ar feadh 7 mbliana tar éis lán-aoise (18). Ba chóir na taifid choimeádta a úsáid chun freastal ar iarratais ó scoláirí ar a PGSS, lena n-áirítear nuair a bhíonn na scoláirí tar éis an scoil a fhágáil. Ba chóir do scoileanna cuimhneamh ina leith sin ar na ceanglais RGCS a tugadh isteach i mí na Bealtaine 2018.

## 3.11 Foghlaimeoirí lánfhásta i suíomhanna oideachais d’aosaigh

Beidh an tsolúbthacht fós ag foghlaimeoirí lánfhásta sa scoilbhliain 2023/24 chun staidéar a dhéanamh ar ábhar nó ábhair ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí laistigh de bhliain acadúil amháin. Tabharfaidh na foghlaimeoirí lánfhásta sin faoi Mheasúnú Rangbhunaithe amháin (é sin a dhéantar sa tríú bliain i scoileanna príomhshrutha), agus faoin scrúdú deiridh.

Féadfaidh foghlaimeoirí lánfhásta staidéar a dhéanamh freisin ar ghearrchúrsaí agus ar Aonaid Tosaíochta Foghlama de réir mar a oireann dá riachtanais foghlama. Ní cheanglaítear ar fhoghlaimeoirí lánfhásta staidéar a dhéanamh in aon ábhar ar leith agus ní cheanglaítear orthu staidéar a dhéanamh ar Chorpoideachas, OSSP ná OSPS ná ar ghnéithe eile sa réimse foghlama ar a dtugtar Folláine. Toisc go bhfuil an Creat don tSraith Shóisearach deartha mar chlár scoile trí bliana, níl sé oiriúnach é a dhéanamh laistigh de thréimhse ama níos giorra.

## 4. Acmhainní agus Tacaíochtaí

Leanfar de na hacmhainní seo a leanas a chur ar fáil do scoileanna lena chinntiú go mbíonn an t-am agus na hacmhainní is gá acu chun an tSraith Shóisearach a chur i bhfeidhm:

a) Clár forleathan don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí (sonraí ar fáil ó tseirbhís tacaíochta Oide ag www.oide.ie)

b) Am gairmiúil do mhúinteoirí (i.e. am nach mbeidh múinteoirí i mbun ranga ach go mbeidh siad rannpháirteach i réimse de ghníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha chun tacú le cur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí)

c) Íocaíocht ar uaireanta breise chun cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chomhordú

d) Acmhainní bainistíochta (i.e uaireanta breise ar íocaíocht a chaithfidh scoileanna ar aon ghnó amháin: bainistiú ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm feidhme na Sraithe Sóisearaí).

### 4.1 Féinmheastóireacht Scoile agus an tSraith Shóisearach

Tá *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna*, a foilsíodh i mí Lúnasa 2022, ar fáil in Aguisín 1. Tá na ceanglais maidir le Féinmheastóireacht Scoile (FMS) 2022 go 2026 leagtha amach i g*Ciorclán 56/2022*. (Tá nasc chuig an gCiorclán seo le fáil in Aguisín 1 den doiciméad seo).

### 4.2 Oide agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí

Leanann ceadú do scoileanna dúnadh, le faomhadh an bhoird bhainistíochta nó an BOO, mar is cuí, do lá pleanála agus féinmheastóireacht scoile uile do chur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí do gach bliain den chur i bhfeidhm suas go dtí an scoilbhliain 2023/2024, an bhliain sin san áireamh.

Tiocfaidh athrú ar chuspóir an lae seo le himeacht ama, ach in 2023/2024 féadfaidh scoileanna an lá a úsáid chun tacú le leabú agus/nó le forbairt leanúnach Chreat na Sraithe Sóisearaí ar bhonn scoile uile. B'fhéidir gur é a bheadh i gceist leis seo ná go ndéanfadh scoileanna athbhreithniú ar a bpolasaithe agus a gcleachtais reatha, mar aon le pleanáil agus monatóireacht a dhéanamh ar na hathruithe atá á dtabhairt isteach faoin *Creat don tSraith Shóisearach 2015*.

Leanfaidh Oide de bheith ar fáil chun cabhrú le scoileanna an lá scoile uile seo a phleanáil agus a chur i bhfeidhm agus beifear i dteagmháil go díreach le scoileanna ar an ábhar seo.

### 4.2.1 Múnlaí soláthair FGL

Cuirfidh an tseirbhís tacaíochta chomhtháite nua um oideachas múinteoirí, Oide, clár cuimsitheach FGL ar fáil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí. Beidh imeachtaí foghlama gairmiúla Oide sa scoilbhliain 2023/2024 ag teacht leis na timpeallachtaí oideolaíochta ina mbeidh múinteoirí ag obair, agus an gá aon chur isteach ar am teagmhála ranga i rith na scoilbhliana a íoslaghdú a oiread agus is féidir. Tá cur chuige cumaisc maidir le soláthair FGL bainteach leis an tSraith Shóisearach (i.e., meascán cuí de thacaíochtaí i bpearsan agus ar líne) pleanáilte don scoilbhliain 2023/2024.

### 4.2.2 FGL do cheannairí scoile

Cuirfear tacaíochtaí ar fáil do cheannairí scoile go rialta i rith na scoilbhliana 2023/2024 agus tabharfaidh siad aghaidh ar riachtanais sainráite ceannairí scoile. Beidh fócas amháin de na tacaíochtaí sin ar impleachtaí na soláthairtí mar atá sa Chiorclán maidir le cur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí i scoileanna. I measc na réimsí eile a ndíreofar orthu beidh tabhairt isteach agus cur i bhfeidhm Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 agus clár Folláine scoile sa tSraith Shóisearach.

Eiseofar fógra faoi na himeachtaí sin chuig ceannairí scoile i bhfad sula ndéanfar iad a sholáthar. Moltar do cheannairí scoile a bheith rannpháirteach in imeachtaí Oide d'fhonn coinneáil suas le forbairtí sa tSraith Shóisearach.

### 4.2.3 FGL scoile-uile

Oibreoidh an fhoireann TFSS le scoileanna chun a lá FGL scoile-uile a chomh-dhearadh agus a chomh-éascú, agus d'fhéadfadh bunmhodú(i)l don tSraith Shóisearach, forbartha ag Oide, a bheith mar chuid de seo, mar is cuí.[9]

---

[9] Beidh TFSS mar chuid den Fhoireann Tacaíochta Clár ó 1 Meán Fómhair 2023

Cuirfidh an fhoireann TFSS tacaíocht leanúnach ar fáil do mhúinteoirí le linn 2021/2022. Rachaidh na tacaíochtaí seo i ngleic le Folláine, Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, Cruinnithe AFMÁ, tacaíochta tiomnaithe do mhúinteoirí a bhfuil uaireanta acmhainní bainistíochta na Sraithe Sóisearaí acu, agus tacaíocht maidir le húsáid ama gairmiúla, ach ní bheidh siad teoranta dóibh sin amháin. Oibreoidh an fhoireann TFSS ar réimsí tacaíochta roghnacha a chur ar fáil do mhúinteoirí, i gcomhar le comhlaigh TFSS. Tabharfar réamhfhógra maidir le gach imeacht do scoileanna agus do mhúinteoirí i bhfad roimh ré.

### 4.2.4 FGL Ábhar Sonrach

Reáchtálfar cnuas-imeachtaí FGL ábhar sonrach ar líne in 2023/2024 sa tréimhse ó mhí na Samhna 2023 go Márta 2024. Beidh gá le dúnadh scoile aon lae do scoláirí do chnuas-scoileanna, agus dá múinteoirí le freastal ar líne ar an FGL ábhartha dá n-ábhar.

Féadfaidh scoileanna dúnadh, le cead ón mbord bainistíochta/BOO, de réir mar is cuí, chun rannpháirtíocht na múinteoirí a éascú. Sa chás go ndúnann scoil, caithfidh gach múinteoir freastal ar chnuas-imeacht na scoile ar líne agus dul i mbun na gníomhaíochta FGL. Déanfaidh Oide idirchaidreamh díreach le scoileanna maidir leis na cnuas-imeachtaí sin, lena n-áirítear na himeachtaí a sceidealú agus gach scoil a shannadh in am trátha do na himeachtaí sin.

### 4.2.5 Tacaíochtaí Teagaisc don Dara Ábhar

Tugtar an deis do mhúinteoirí a mhúineann an dara hábhar sa tSraith Shóisearach a bheith rannpháirteach i dtacaíochtaí FGL san ábhar sin ag tús scoilbhlianta leanúnacha. Sa scoilbhliain 2023/2024 cuirfear na ceardlanna seo ar fáil ar líne i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2023. Beidh fáil ar na hábhair agus na hacmhainní go léir a bhaineann leis na ceardlanna seo ag www.oide.ie.

### 4.2.6 Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2

Leanfar le tacaíocht do Chláir Foghlama L1 agus L2 a sholáthar d’iar-bhunscoileanna príomhshrutha agus do scoileanna speisialta i 2023/2024. Is féidir tacaíochtaí saincheaptha a eagrú do scoileanna i gcomhar le Ceannairí Foirne agus Comhairleoirí Clár L1/L2 Oide ábhartha.

### 4.2.7 FGL Roghnach

Cuirfidh Oide clár forleathan de FGL roghnach nó forlíontach ar fáil le linn 2023/2024, ar líne agus i bpearsan agus i gcomhar le hIonaid Oideachais go náisiúnta agus raon de chomhpháirtithe seachtracha, a bhfeadfadh múinteoirí páirt a ghlacadh iontu ina gcuid ama féin.

Chun na croí-imeachtaí ar líne a chuirtear ar fáil i rith na scoilbhliana 2023/2024 a chomhlánú, eagróidh Oide dhá imeacht comhchruinnithe roghnacha FGL ar líne le linn na scoilbhliana 2023/2024, ceann i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus ceann eile i mí Márta 2024. Cuimseofar sna himeachtaí sin seimineáir ghréasáin, podchraoltaí agus imeachtaí beo FGL a chlúdóidh raon leathan réimsí agus ábhar a bhaineann leis an tSraith Shóisearach.

Cuirfidh clár Oide, Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach (www.artsinjuniorcycle.ie), sraith ceardlanna ar fhorbairt ghairmiúil i láthair, d'fhonn múinteoirí na Sraithe Sóisearaí a spreagadh, a thacú agus a chumasú chun bheith páirteach agus leas a bhaint as na healaíona agus foghlaim.

Cuirfidh an tionscamh OIDE ETI(E)M (https://www.jct.ie/steAm/steAm), i gcomhar leis na comhpháirtithe for-rochtana ó réimsí ETIM agus Na hEalaíona, taithí múinteoireachta ETI(E)M saibhre ar fáil do mhúinteoirí, de réir na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr, a cheadóidh freagraí idirdhisciplíneacha ar dhúshláin sochaíocha i sainábhair agus i gcomthéacsanna traschuraclaim.

### 4.2.8 Ilghnéitheach

Tá ar an bhfoireann bhainistíochta i ngach scoil sonraí gach múinteoir a uasdátú ar chlár na múinteoirí atá ag Oide, lena n-áirítear a seoltaí ríomhphoist scoilbhunaithe, agus a bhfreastal ar imeachtaí FGL a éascú, nuair is infheidhme.

Comhoibríonn Oide leis an gCigireacht agus le gníomhaireachtaí eile na Roinne Oideachais agus seirbhísí tacaíochta scoile i gcomhthéacs dearaidh, éascaithe agus athbhreithnithe a cuid oibre.

## 4.3 Am Gairmiúil

San *Creat don tSraith Shóisearach 2015* aithnítear go bhfuil gá ag múinteoirí le ham gairmiúil chun páirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí gairmiúla comhoibríocha, cuid acu a tharlóidh in éineacht le comhghleacaithe teagaisc, chun tacú le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú.

Cuirfidh an t-am sin ar chumas múinteoirí, de réir mar is gá, tabhairt faoi réimse gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha, ar nós:

1. Gníomhaíochtaí gairmiúla scoile uile chun tacú leis an tSraith Shóisearach
2. Gníomhaíochtaí gairmiúla an mhúinteora aonair agus ranna ábhar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le measúnú foirmitheach, aiseolas, tuairisciú agus ionchuir a bheidh á dtiomsú don PGSS

3. Freastal ar chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
4. Ullmhú do chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhar agus maoirseacht ar thorthaí na gcruinnithe sin.
5. Riaradh Tascanna Measúnaithe sna seomraí ranga. Ní bheidh gá leis sin sa bhliain acadúil 2023/24.

Tá suíomhanna Ógtheagmhála a dhéanann an tSraith Shóisearach a sheachadadh i dteideal am gairmiúil. Ba chóir go dtiocfadh an t-am sin ón am atá ar fáil cheana do dhualgais riaracháin ionas nach mbeidh laghdú dá réir ar an am teagaisc.

Léiriú is ea an soláthar d'am gairmiúil aonair do mhúinteoirí ar an tiomantas faoin *gCreat don tSraith Shóisearach 2015* go gcuirfí tacaíocht dá leithéid ar fáil chun ligean do mhúinteoirí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí comhoibríocha gairmiúla chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú. Ó mhí Mheán Fómhair 2017, sna réimsí ábhair go léir, beidh múinteoirí lánaimseartha atá páirteach i seachadadh na Sraithe Sóisearaí i dteideal 22 uair an chloig d'am gairmiúil, le teidlíocht pro rata do mhúinteoirí páirtaimseartha mar atá leagtha amach in Aguisín 2 den doiciméad seo. Mar atá leagtha amach thuas, tá sé seo faoi réir comhoibriú iomlán an mhúinteora le gnéithe uile an Chreata.

Tacófar le soláthar an ama ghairmiúil sin trí leithdháileadh de 774 bpost breise de choibhéis lánaimseartha ar scoileanna. Tá leithdháileadh an ama ghairmiúil ceaptha chun nach mbeidh laghdú ar an am teagmhála ranga iomlán do scoláirí. Taispeántar an leithdháileadh ar leithligh ar an sceideal foirne mar atá leagtha amach sna Ciorcláin i dtaca le Leithdháiltí Faofa de Phoist Teagaisc do scoileanna aonair agus is ionann é agus leithdháileadh breise a thiocfadh ó laghdú 0.53 sa Chóimheas idir Daltaí agus Múinteoir.

Ciallaíonn an soláthar uasmhéid 22 uair an chloig d'am gairmiúil do mhúinteoirí lánaimseartha atá rannpháirteach i seachadadh na Sraithe Sóisearaí (agus soláthar pro rata do mhúinteoirí páirtaimseartha) go laghdaítear an t-am a chaitheann gach múinteoir lánaimseartha i mbun ranga (lena n-áirítear am teagaisc agus am leithdháilte ar dhualgais bhainistíochta agus chomhordaithe eile atá sannta dóibh), i scoil ina bhfuil an t-amchlár leagtha amach i dtréimhsí ama 40 nóiméad, ó 33 thréimhse theagaisc san amchlár go dtí 32 thréimhse theagaisc.

Tá an tréimhse 40 nóiméad d'am gairmiúil atá soláthraithe laistigh den amchlár ar fáil do mhúinteoirí ar an tuiscint go n-úsáidfidh siad an t-am leithdháilte go solúbtha, lena n-áirítear tréimhsí ama a chuachadh le chéile agus am a thabhairt chun cinn chun comhoibriú gairmiúil a éascú. Féadfaidh múinteoirí na tréimhsí ama a úsáid freisin do phleanáil aonair, aiseolas nó gníomhaíochtaí tuairiscithe a bhaineann leis an tSraith

Shóisearach. Beidh gá, go háirithe, le tréimhsí ama a chuachadh le chéile chun cruinnithe AFMÁ a éascú. Ós rud é nach féidir cruinnithe um chomhoibriú gairmiúil a reáchtáil ach amháin nuair is féidir leis na múinteoirí ábhair lena mbaineann a bheith i láthair, b'fhéidir go dteastódh líon teoranta cruinnithe ag baint leasa as am cuachta na múinteoirí le go reáchtálfar cuid den chruinniú lasmuigh de ghnáthuaireanta teagaisc na scoile. Mairfidh gach cruinniú thart ar dhá uair an chloig. Beidh an tsolúbthacht sin ag teastáil agus beidh sí teoranta go ginearálta, d'eagrú cruinnithe AFMÁ. Tá breis eolais agus sonraí ar chruinnithe AFMÁ ar fáil i gcuid 3.6 thuas.

Is faoi bhainistíocht na scoile é gach cuid den am gairmiúil a dháileadh de réir théarmaí an Chiorcláin seo. Caithfear na tréimhsí ama go léir a chuirtear ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí a úsáid chuige seo faoi stiúir iomlán bhainistíocht na scoile agus d'fhéadfadh úsáid an ama gairmiúil a bheith faoi réir cigireachta le linn meastóireachta scoile uile agus le linn cigireachtaí eile.

Táthar ag leanúint leis an tsamhail leithdháilte d'am gairmiúil (lena n-áirítear an leithdháileadh scoite a bhaineann le múinteoirí RSO) a comhaontaíodh don scoilbhliain 2017/2018 agus, nuair is gá, méadófar é chun aon phost múinteoireachta coibhéiseach lánaimseartha breise a eascraíonn mar thoradh ar mhéadú sa líon scoláirí a léiriú.

### 4.4 Acmhainní do chomhordú Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhar

Déanfaidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig bhreise a leithdháileadh ar mhúinteoir ar bhonn uainíochta, chun ullmhúchán agus comhordú a dhéanamh ar gach cruinniú AFMÁ d'ábhar nó do ghearrchúrsa aonair, lena n-áirítear dearbhú a sholáthar do bhainistíocht na scoile go raibh an cruinniú ann, gur bronnadh tuairiscíní agus gur tugadh tuairisc. Féadfar cuidiú leis an leithdháileadh dhá uair an chloig trí uaireanta íoctha breise ionadaíochta a sholáthar don scoil – ní laistigh den scéim Mhaoirseachta agus Ionadaíochta. Tagann sé seo sa bhreis ar an 22 uair an chloig d'am gairmiúil a bheidh leithdháilte laistigh den amchlár ar gach múinteoir lánaimseartha ó 2017/18 ar aghaidh.

### 4.5 Acmhainní Bainistíochta

Beidh bord bainistíochta gach scoile nó an BOO, de réir mar is cuí, mar aon le foireann bhainistíochta inmheánach na scoile, freagrach as cur chun feidhme foriomlán na Sraithe Sóisearaí sa scoil, mar atá siad freagrach as gach gné eile d'obair na scoile. Mar aitheantas ar an gcás go bhfuil impleachtaí le tabhairt isteach *Creat don tSraith Shóisearach 2015* do cheannairí scoile, leithdháileadh uaireanta breise ar scoileanna (trí ionadaíocht) le feidhm ó 2016 ar bhonn eatramhach go dtí go gcuirfí poist cheannaireachta ar ais i scoileanna, chun cuidiú le héascú na hoibre breise sin. Thug

*Ciorclán 3/2018* - '*Ceannaireacht agus Bainistíocht in Iar-bhunscoileanna'* sonraí maidir le tabhairt ar ais poist cheannaireachta agus bhainistíochta sna scoileanna sin lena n-áirítear tuairim ar 1,300 post ceannaireachta á dtabhairt ar ais d'iar-bhunscoileanna, tá nasc chuige seo ar fáil in Aguisín 1.

Cé go raibh na huaireanta acmhainní bainistíochta seo le dul in éag ag deireadh na scoilbhliana 2022/2023, tá cinneadh déanta ag an Roinn, ar bhonn eatramhach, leanúint le leithdháileadh na n-uaireanta seo faoin múnla leithdháilte céanna don scoilbhliain 2023/2024. Tá an leithdháileadh seo faoi réir athbhreithnithe ag deireadh na scoilbhliana agus i gcomhthéacs chur i bhfeidhm iomlán Chreat na Sraithe Sóisearaí.

Léirítear an leithdháileadh don bhliain acadúil 2023/2024 mar seo a leanas:

| **Rollú** | **Uaireanta Acmhainní Bainistíochta Seachtainiúla** |
|---|---|
| 700+ | 2 uair |
| 600-699 | 2 uair 40 nóiméad |
| 400-599 | 2 uair |
| <399 | 2 uair |

Beidh feidhm ag na socruithe pro rata atá ann cheana maidir le cur chun feidhme páirteach.

Tá na tacaíochta breise seo ar fáil do scoileanna ar an mbonn go bhfuil rochtain ag Scoláirí na Sraithe Sóisearaí ar chleachtais múinteoireachta, foghlama agus measúnaithe, lena n-áirítear eagrú cruinnithe AFMÁ don athbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhar, de réir an *Chreata don tSraith Shóisearach 2015* agus na sonraíochtaí lena mbaineann atá saindeartha ag CNCM agus faofa ag an Aire, lena n-áirítear na socruithe measúnaithe go léir a leagtar amach sa chiorclán don tSraith Sóisearach.

Déanfaidh an príomhoide, le cead an bhoird bhainistíochta, i ndiaidh cuireadh ar léirithe spéise ó na múinteoirí sa scoil, na huaireanta teagaisc breise a dheonófar don scoil a leithdháileadh chun tacú leis/léi an tSraith Shóisearach nua a chur chun feidhme. Beidh an leithdháileadh ama breise sin i bhfoirm uaireanta comhordaithe seachtainiúla agus is féidir é a tharraingt anuas thar an scoilbhliain.

Féadfar na huaireanta a chuachadh mar aitheantas ar an scéal gur féidir éagsúlacht a bheith sa mhéid oibre a bhaineann le comhordú ar an tSraith Shóisearach i scoilbhliain ó sheachtain go seachtain.

Féadfaidh roinnt de na gníomhaíochtaí seo a leanas nó iad ar fad a bheith san áireamh:

- Tacú leis an bPríomhoide/Príomhoide Tánaisteach le pleanáil, cumarsáid agus ionadaíocht a eagrú do mhúinteoirí a bhíonn ag freastal ar inseirbhís;
- Imeachtaí FGL inmheánacha na scoile nó ar líne a sceidealú agus teagmháil le Oide;
- Maoirsiú ar sceidealú na gcruinnithe AFMÁ;
- Teagmháil le comhordaitheoirí na gcruinnithe AFMÁ;
- Maoirsiú ar na nósanna imeachta tuairiscithe nua MRB d'ábhair agus do CFL2anna CFL1anna agus do ghearrchúrsaí do thuismitheoirí/ chaomhnóiri.
- Riarachán ar Thascanna Measúnaithe a eagrú agus na socruithe riachtanacha dhéanamh chun an Tasc Measúnaithe a sheoladh ar ais chuig CSS. Ní bheidh gá leis sin sa bhliain acadúil 2023/24.

## 5. Faisnéis Bhreise

### 5.1 Rialacha agus Clár

Glacfaidh forálacha an Chiorclán seo áit na dtagairtí go léir don tSraith Shóisearach agus do scrúduithe an Teastais Shóisearaigh i Rialacha 20, 21, 32, 33 agus 34 de na Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna 2004/2005.

### 5.2 Rochtain ar Fhaisnéis

Is féidir teacht ar fhaisnéis bhreise ar shuíomh gréasáin CNCM www.ncca.ie/ga agus ar shuíomh gréasáin na seirbhíse tacaíochta www.oide.ie agus www.curriculumonline.ie

Tá faisnéis agus réimse d'ábhair phraiticiúla ar na suíomhanna gréasáin sin atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do cheannairí scoile, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóírí.

Is féidir teacht ar iarpháipéir agus páipéir samplacha ag www.examinations.ie

Is féidir teacht ar an gciorclán seo ag www.gov.ie

**Eisithe ag:** An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta

**Dáta Eisithe:** 25 Bealtaine 2023

## Aguisín 1 – Cáipéisíocht Ghaolmhar

Tagraítear sa Chiorclán seo don cáipéisíocht seo a leanas:

1. Tá an Creat don tSraith Shóisearach 2015, ar fáil ag: https://assets.gov.ie/24478/f0edee58373142918ad24abf6db8075f.pdf
2. Staidéar Taighde na Sraithe Sóisearaí https://ncca.ie/ga/foilseach%C3%A1in-taighde/staid%C3%A9ar-taighde-na-sraithe-s%C3%B3iseara%C3%AD/
3. *Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile: Mean Fómhair 2022 – Meitheamh 2026* Ciorclán Uimhir: 0056/2022 ag: https://www.gov.ie/en/circular/e0383-school-self-evaluation-next-steps-september-2022-june-2026/
4. *Creat don tSraith Shóisearach – An Stair i Scoileanna ó Mheán Fómhair 2020 ar aghaidh* Uimhir Chiorcláin 0016/2020 ag: https://www.gov.ie/en/circular/d1752a-framework-for-junior-cycle-history-in-schools-from-september-2020-on//
5. *Leasuithe ar shonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí agus socruithe do Mheasúnuithe Rangbhunaithe 1 agus 2* Ciorclán uimhir 00015/2023 ag: https://www.gov.ie/en/circular/80151-amendments-to-junior-cycle-irish-t1-and-t2-specifications-and-assessment-arrangements-for-classroom-based-assessments-1-and-2/
6. *Treoir ar Phróiseas na Sraithe Sóisearaí um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus Measúnú Ábhair* Ciorclán Uimhir 0017/2020 ag: https://www.gov.ie/en/circular/bfc17d-guidance-on-the-junior-cycle-subject-learning-and-assessment-review-/
7. An Comhráiteas ar Phrionsabail agus ar Chur Chun Feidhme (22 Bealtaine 2015) agus aguisín a foilsíodh an 5 Iúil 2015 agus atá ar fáil ag https://www.gov.ie/en/publication/bb7a69-junior-cycle-reform/
8. Sonraíochtaí ábhair do gach ábhar atá le teagasc sa tSraith Shóisearach; déanann an CNCM na sonraíochtaí sin a fhorbairt agus déanann an tAire iad a fhaomhadh Tá gach ceann de na sonraíochtaí ábhair ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/
9. Treoirlínte Chlár Foghlama Leibhéal 1 do Mhúinteoirí. Saindearadh na CFL2anna do scoláirí a mbaineann a gcuid deacrachtaí/riachtanais foghlama ginearálta leis an raon íseal éadrom go hard meánach agus tá siad ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Level-2-Learning-Programmes/
10. Treoirlínte Chlár Foghlama Leibhéal 1 do Mhúinteoirí. Saindearadh na CFL1anna do scoláirí a mbaineann a gcuid deacrachtaí/riachtanais foghlama ginearálta leis an raon íseal meánach go trom agus géar agus tá siad ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Level-1-Learning-Programmes-(L1LPs)/
11. Is féidir teacht ar tuilleadh eolais faoi CFL1anna agus CLF2anna anseo: https://www.ncca.ie/en/junior-cycle/level-one-and-level-two-programmes

12. Sonraíochtaí do ghearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí atá saindeartha ag an CNCM lena n-úsáid ag scoileanna; ar fáil ag https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Short-Courses
13. Treoirlínte do scoileanna i dtaca le gearrchúrsaí a fhorbairt sa tSraith Shóisearach; ar fáil ag https://ncca.ie/en/junior-cycle/subjects-and-short-courses/develop-your-own-short-course
14. Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach, agus ábhar pleanála folláine eile arna bhforbairt ag CNCM 2021: https://ncca.ie/media/4940/updated_guidelines_2021.pdf
15. Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne don Chur i bhFeidhm 2018-2023, Iúil 2018: https://www.gov.ie/en/publication/35100b-wellbeing-policy-statement-and-framework-for-practice-20182023/
16. Creat Treorach Scoile Uile 2017: https://www.pdst.ie/sites/default/files/NCGE-PP-WholeSchoolGuidanceFramework-PDF-EN.pdf
17. Treoir dhea-chleachtais d'iar-bhunscoileanna maidir le cláir agus/nó áisitheoirí seachtracha a úsáid chun folláine a chur chun cinn de réir Ráiteas Polasaí Folláine agus Creatlach Chleachtais na Roinne Oideachais agus Scileanna: https://www.gov.ie/en/circular/88ca5c44bb1d45e09c2ac3152ea5bcb0/
18. Measúnú agus Tuairisciú - Treoirlínte CNCM:https://www.ncca.ie/en/junior-cycle/assessment-and-reporting
19. Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna: https://assets.gov.ie/25261/c97d1cc531f249c9a050a9b3b4a0f62b.pdf
20. Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte 2016-2020: Iar-Bhunscoil: https://assets.gov.ie/25263/dcc85452ad6d451f89ed8e7b1967f200.pdf
21. Ciorclán 3/2018 - 'Ceannaireacht agus Bainistíocht in Iar-bhunscoileanna: https://www.gov.ie/ga/ciorclan/d8cebbcb492b43cab7bf757380964410/

## Aguisín 2: Leithdháileadh Pro Rata um Am Gairmiúil ar Mhúinteoirí Páirtaimseartha

Tá feidhmiú pro rata an Ama Ghairmiúil i leith múinteoirí atá ar níos lú ná uaireanta iomlána leagtha amach thíos:

| **Uaireanta i gconradh an mhúinteora** | **Am gairmiúil p.a. - Tréimhsí Ranga (x 40 nóiméad)** | **Am Gairmiúil Iomlán p a.** |
|---|---|---|
| 11 uair nó níos lú | 17 | = 11uair 20 nóim |
| 11 uair 1nóim- 11uair 29 nóim | 17 | = 11uair 20 nóim |
| 11 h 30 min – 11h 59 nóim | 18 | = 12 uair |
| 12 uair - 12uair 29 nóim | 18 | = 12 uair |
| 12 uair 30 nóim - 12uair 59 nóim | 19 | = 12 uair 40 nóim |
| 13 uair - 13 uair 29 nóim | 20 | = 13 uair 20 nóim |
| 13 uair 30 – 13h 59 nóim | 21 | = 14 uair |
| 14 uair - 14h 29 nóim | 21 | = 14 uair |
| 14 uair 30 nóim - 14 uair 59 nóim | 22 | = 14 uair agus 40 nóim |
| 15 uair - 15 uair 29 nóim | 23 | =15 uair 20 nóim |
| 15 uair 30 nóim - 15 uair 59 nóim | 24 | =16 uair |
| 16uair – 16 uair 29 nóim | 24 | = 16 uair |
| 16uair 30 nóim -16 uair 59 nóim | 25 | = 16 uair 40 nóim |
| 17 uair - 17 uair 59 nóim | 26 | = 17 uair 20 nóim |
| 18 uair nó níos mó | 33 | = 22 uair |

Is é an líon iomlán uaireanta atá sannta do mhúinteoir, a chuimsíonn am teagaisc agus dualgais bhainistíochta agus chomhordaithe a shanntar dó/di, an candam uaireanta ar a bhfuil feidhmiú an sceidil thuas maidir le ham gairmiúil bunaithe.

## Aguisín 3: Roghanna chun cruinnithe AFMÁ a eagrú

Ba cheart do scoileanna ceann de na roghanna seo a leanas a úsáid chun cruinnithe AFMÁ a eagrú, ag tabhairt faoi deara ag an am céanna an scóip a iniúchadh maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha chun na cruinnithe seo a thionól:

Rogha A

- Féadfaidh scoileanna amchlár a chothabháil nó a chur chun feidhme ina mbeidh ceithre lá fada agus lá amháin níos giorra.
- Éascóidh an t-amchlár seo cruinnithe AFMÁ agus cruinnithe eile a bhaineann leis an tSraith Shóisearach a thionól sa tréimhse tar éis don teagasc a bheith críochnaithe ar an lá is giorra, nó ag am eile nach gcuirfidh isteach ar am teagaisc na scoláirí.
- Ceanglófar ar scoileanna na leibhéil ama teagaisc do scoláirí atá sainithe faoi láthair a choinneáil, i.e. 28 uair an chloig sa tseachtain.
- Ní cóir do scoileanna costais bhreise ionadaíochta a thabhú.
- Ní cóir úsáid a bhaint as Ionadaíocht agus Maoirseacht chun cruinnithe AFMÁ a éascú.
- Cruinniú aonair a bheidh i gcruinniú AFMÁ a mhairfidh thart ar 2 uair an chloig.

Rogha B

- Tagtar ar chomhaontú ag leibhéal na scoile idir múinteoirí agus an bhainistíocht go dtionólfar cruinnithe AFMÁ ag am a bheidh oiriúnach do na múinteoirí sna grúpaí ábhair gan cur isteach ar am teagaisc.
- Má cheadaíonn na cúinsí é, féadfar cruinniú, nó cuid de, a reáchtáil laistigh de ghnáthuaireanta teagaisc na scoile.
- Ceanglófar ar scoileanna na leibhéil ama teagaisc do scoláirí atá sainithe faoi láthair a choinneáil, i.e. 28 uair an chloig sa tseachtain.
- Ní cóir do scoileanna costais bhreise ionadaíochta a thabhú.
- Ní cóir úsáid a bhaint as Ionadaíocht agus Maoirseacht chun cruinnithe AFMÁ a éascú.
- Cruinniú aonair a bheidh i gcruinniú AFMÁ a mhairfidh thart ar 2 uair an chloig.

Rogha C

- Is éard a bheidh sa phróiseas AFMÁ ná 40 nóiméad d’am ullmhúcháin laistigh d’am gairmiúil an mhúinteora, agus sciar comhoibritheach d’fhad 80 nóiméad ar a laghad, agus é sin le bheith mar chruinniú aonair.
- Nuair a bheidh an MRB tugtha chun críche ag na scoláirí, déanfaidh a múinteoir ranga ábhar measúnú sealadach ar fhoghlaim na scoláirí mar a fhorbraíonn agus a léiríonn an próiseas MRB é, bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar na measúnuithe sealadacha sin a mhodhnú i bhfianaise an phlé a bhíonn ar siúl ag an gcruinniú AFMÁ
- Mar ullmhúchán don sciar comhoibritheach den phróiseas AFMÁ, sainaithneoidh gach múinteoir sampla amháin d’obair na scoláirí do gach tuairiscín, más indéanta, le plé ag an gcruinniú. Cuirfidh gach múinteoir a c(h)uid samplaí faoi bhráid an Áisitheora, mar aon le nóta gairid ar gach sampla d’obair na scoláirí ag léiriú a gcúiseanna lena measúnú

sealadach ar obair na scoláirí. Tacóidh sé sin leis na múinteoirí ábhartha go léir athbhreithniú a dhéanamh ar shamplaí d'obair na scoláirí sa chéim ullmhúcháin.

- Déanfaidh an tÁisitheoir AFMÁ na samplaí cuí d'obair na scoláirí agus na nótaí ceangailte a sholáthraíonn na múinteoirí ábhair a chur le chéile agus a chur ar fáil roinnt laethanta sula dtosófar ar an sciar comhoibritheach den phróiseas AFMÁ.
- Úsáidfidh múinteoirí 40 nóiméad dá gcuid ama gairmiúla chun teacht ar an ábhar sin, na samplaí agus na nótaí ceangailte a scrúdú, agus eolas a chur ar a n-ábhar.
- Tionólfar iarmhéid an phróisis AFMÁ (cruinniú a mhaireann 80 nóiméad ar a laghad) ag am a bheidh oiriúnach do na múinteoirí sa ghrúpa ábhair, gan cur isteach ar am teagaisc na scoláirí agus gan aon ionadaíocht a úsáid.
- Ceanglófar ar scoileanna na leibhéil ama teagaisc do scoláirí atá sainithe faoi láthair a choinneáil, i.e. 28 uair an chloig sa tseachtain.
- Ní cóir do scoileanna costais bhreise ionadaíochta a thabhú.
- Ní cóir úsáid a bhaint as Ionadaíocht agus Maoirseacht chun cruinnithe AFMÁ a éascú.

## Aguisín 4: Tuairisciú ar Réimsí Foghlama Folláine

Mar thoradh ar shrianta teicniúla, ní féidir tuairiscíní ábhair do shean-shiollabais an Teastais Shóisearaigh a léiriú sa rannóg Folláine de PGSS 2023. Ní chuireann sé seo isteach ar scoláirí a rinne staidéar ar ghearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí.

Mar thoradh air seo, beidh ar scoileanna a chuir siollabais Corpoideachas, OSPS agus OSSP an Teastais Shóisearaigh ar fáil do scoláirí gnóthachtálacha a scoláirí sna réimsí foghlama seo a léiriú tríd an mbosca téacs oscailte dar teideal 'Réimsí Folláine Eile'. Beidh an bosca tuairiscíní don Chorpoideachas, don OSPS agus don OSSP bán do gach scoláire nach ndearna staidéar ar ghearrchúrsaí sna réimsí foghlama seo agus féadfaidh scoileanna rogha a dhéanamh ceann den dá phíosa téacs molta thíos a úsáid chun an bosca saorthéacs a líonadh isteach.

**Téacs molta do 'Réimsí Folláine Eile'**

*Tá soláthar sa Chreat don tSraith Shóisearach do réimse foghlama thar trí bliana na Sraithe Sóisearaí ar a dtugtar Folláine. Tá trí cholún i gclár Folláine na Sraithe Sóisearaí; Corpoideachas; agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP). Lean an scoláire clár Folláine a thug deiseanna dó/di cur lena bhfolláine fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta. Thacaigh an clár leis an scoláire scileanna tábhachtacha saoil a fhorbairt chomh maith le braistint láidir nascachta a chothú leis an scoil agus leis an bpobal.*
**(87 focal)**

**Nó**

*Tá soláthar sa Chreat don tSraith Shóisearach do réimse foghlama thar trí bliana na Sraithe Sóisearaí ar a dtugtar Folláine. Thar trí bliana na Sraithe Sóisearaí, bhí na foghlaimeoirí gafa le Corpoideachas; agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP).*
**(46 focal)**

Mar mhalairt air sin, tá sé de rogha ag scoileanna teanga chuí a oireann dá gcúinsí féin a chur sa bhosca saorthéacs 'Réimsí Folláine Eile'.

Ba chóir do scoileanna tuairiscíní gearrchúrsaí a shannadh, nuair is cuí, do scoláirí a rinne gearrchúrsaí in aon cheann de Chorpoideachas, OSPS agus/nó OSSP. Do na scoláirí seo, féadfaidh scoileanna an teanga chuí dá rogha féin a chur sa bhosca saorthéacs dar teideal 'Réimsí Folláine Eile'.

Ní bheidh an bosca saorthéacs ar fáil don ionchur go dtí go n-osclófar áis táirgeachta an PGSS sa bhliain acadúil seo chugainn. Eiseofar tuilleadh faisnéise maidir leis an PGSS do 2023 in am trátha.